Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee

# Tuarascáil ar Dhul chun Cinn maidir le Plean Cur Chun Feidhme Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2024 – 2025



**Cathair na Gaillimhe -** Áit ag Athrú

# Clár


Sprioc Ardleibhéil 1: Réigiún Cathrach Cruthaitheach den Scoth ............... 04

Sprioc Ardleibhéil 2: Cathair Nuálaíoch ........................................................ 16

Sprioc Ardleibhéil 3: Cathair Chomhionannach agus Uilechuimsitheach... 30

Sprioc Ardleibhéil 4: Cathair Inbhuanaithe Athléimneach ............................ 51

Sprioc Ardleibhéil 5: Cathair ina gcuirtear Sláinte agus Folláine chun cinn.... 67

# Tuarascáil ar Dhul chun Cinn maidir le Plean Cur Chun Feidhme 2024 – 2025

Is é seo an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn dhá bhliain maidir le Plean Cur Chun Feidhme Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) Chathair na Gaillimhe 2024 - 2029. Leagtar amach i bPlean Cur Chun Feidhme an PÁEP 2024 - 2025 na gníomhartha atá le seachadadh le linn na tréimhse dhá bhliain. Rinneadh dlúthfhaireachán agus meastóireacht ar an bPlean sular athbhreithníodh agus sular leasíodh é chun cuidiú le hullmhú an dara Plean Cur Chun Feidhme 2026 - 2027.

Cuirfidh an cur chuige nua, níos solúbtha seo i leith chur chun feidhme an PÁEP ar chumas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus a comhpháirtithe gníomhaíochtaí nach bhfuil an tionchar ionchais á bhaint amach acu a shainaithint agus gníomhaíochtaí eile a chur ina n-ionad a bheidh ag teacht níos fearr le fís agus cuspóirí foriomlána an PÁEP a bhaint amach. Tríd an athbhreithniú freisin, beifear in ann gníomhaíochtaí nua nó réimsí fócais nua a chur leis nuair a bhíonn gá lena leithéid mar gheall ar bheartais, maoiniú nó cúinsí athraithe.

Clúdaítear faoin bPlean Cur Chun Feidhme gnéithe pobail agus eacnamaíocha araon sa 5 Sprioc Ardléibhéil agus sa 17 Cuspóir den PÁEP. Sainaithníodh struchtúir agus meicníochtaí seachadta do gach aon ghníomh. Leagtar amach sna Pleananna Cur Chun Feidhme na gníomhartha comhaontaithe atá le cur i bhfeidhm agus ar cheart dóibh tacú le baint amach na gCuspóirí agus na Spriocanna Ardleibhéil atá leagtha amach sa Chreat-PÁEP.

Formheastar na Pleananna Cur Chun Feidhme ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus ag Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá freagracht as cur chun feidhme, monatóireacht agus athbhreithniú an PÁEP ar an LCDC, ar an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch agus ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Faoi Sprioc Ardleibhéil 1:** Réigiún Cathrach Cruthaitheach den Scoth, tá gníomh amháin (1) Críochnaithe, níl dul chun cinn déanta ar ghníomh amháin (1), agus tá sé ghníomh (6) ar Siúl go Leanúnach.

**Faoi Sprioc Ardleibhéil 2:** Cathair nuálach: tá cúig ghníomh (5) Críochnaithe, agus tá sé ghníomh (6) ar Siúl / ar Siúl go Leanúnach.

**Faoi Sprioc Ardleibhéil 3:** Cathair Chomhionannach agus Uilechuimsitheach, tá 14 ghníomh Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach, agus tá 3 ghníomh eile Críochnaithe.

**Faoi Sprioc Ardleibhéil 4:** Cathair Inbhuanaithe Athléimneach: tá 4 ghníomh Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach, níl aon dul chun cinn déanta ar ghníomh amháin (1), agus tá 8 ngníomh ar Siúl / ar Siúl go Leanúnach.

**Faoi Sprioc Ardleibhéil 5:** Cathair ina gcuirtear Sláinte agus Folláine chun cinn, tá 11 ghníomh Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach, tá 2 ghníomh Críochnaithe, agus tá 2 ghníomh ar Siúl.

Cuireann an Tuarascáil seo nuashonruithe ar fáil ar na gníomhartha uile de réir mar atá leagtha amach. Cuirtear naisc ghréasáin ar fáil i gcásanna áirithe chun rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise ó ghníomhaireachtaí agus ó ghrúpaí éagsúla atá ag cabhrú le cur i bhfeidhm na ngníomhartha.

# Sprioc Ardleibhéil 1: Réigiún Cathrach Cruthaitheach den Scoth



# Sprioc Ardleibhéil 1: Réigiún Cathrach Cruthaitheach den Scoth

**Cuspóir:** Leanúint de thacú le forbairt na hearnála cultúir, chun ról Chathair na Gaillimhe a neartú tuilleadh mar chathair nuálach, chuimsitheach agus chomhoibríoch den chéad scoth a bhfuil cáil dhomhanda uirthi.

**Gníomh 1.1: Na gníomhartha atá leagtha amach i "Treonna Nua – Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021 -2026" a chur i bhfeidhm.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe (An Oifig Ealaíon)

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, neartaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go mór a ról mar cheannaire agus mar chomhordaitheoir lárnach i ndáil le forbairt chultúrtha sa chathair. Ag obair le breis agus 80 eagraíocht ealaíon agus na céadta ealaíontóirí, rinne an fhoireann cur i bhfeidhm "Treonna Nua – Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021–2026" a chur chun cinn agus rinne siad a gcuid oibre a ailíniú le spriocanna an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP). Tháinig méadú ar an gcomhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha, leis an gComhairle Ealaíon, le Éire Ildánach agus le líonraí earnála ar leith le linn na tréimhse seo, rud a dhaingnigh seasamh na Gaillimhe mar chathair chruthaitheach den chéad scoth.

Tháinig méadú suntasach ar infheistíocht in ealaíontóirí, in eagraíochtaí agus i bpobail. Sa bhliain 2024, bronnadh €400,000 ar 56 eagraíocht ealaíon, agus cuireadh €25,000 breise ar fáil chun tacú le hoideachas ealaíon i scoileanna agus le bannaí pobail. Tugadh tosaíocht d'fhorbairt ealaíontóirí trí sparánachtaí agus tacaíochtaí struchtúrtha, agus cuireadh maoiniú ar fáil do 20 cleachtóir trí Sparánachtaí do Chleachtóirí Cruthaitheacha, chomh maith le cónaitheachtaí éagsúla, lena n-áirítear ag Ionad Tyrone Guthrie agus ag Áras Éanna. Chruthaigh an Sparánacht um Chomhionannú Rochtana tacaíocht thiomnaithe d'ealaíontóirí faoi mhíchumas, rud a léiríonn tiomantas Oifig na nEalaíon don chuimsitheacht agus don chleachtas ealaíne éagsúil.

Leathnaíodh rannpháirtíocht ealaíon atá dírithe ar an bpobal freisin tríd an gCiste Comhpháirtíochta Cultúir, a chuir €95,000 ar fáil le linn 2024–2025 do chláir a díríodh ar leanaí, ar phobail nua agus ar lucht féachana comharsanachta. Cuireadh ealaín phoiblí agus cruthú áite chun cinn freisin trí choimisiúin faoin Scéim Céatadán don Ealaín Phoiblí agus trí thionscadail nua múrmhaisiúcháin i gcomhpháirtíocht le stiúrthóireachtaí eile de chuid na Comhairle.

Tháinig borradh faoi imeachtaí móra rannpháirtíochta poiblí. Bhí an clár ba mhó riamh ar siúl i nGaillimh go dtí seo d'Oíche Chultúir 2024, le 72 imeacht agus thart ar 30,000 duine i láthair, agus lean leathnú breise air in 2025. Trí Éire Ildánach, tacaíodh le 61 tionscadal in 2024, a chuir féilte, tionscnaimh chruthaitheacha a bhain leis an aeráid, agus comhpháirtíochtaí ealaíne idirchultúrtha ar fáil. Bhí cruthaitheacht na n-óg fós ina tosaíocht, agus chuir Cruinniú na nÓg maoiniú ar fáil do 21 tionscadal agus do na céadta rannpháirtí, mar aon le cláir Music Generation a shroich beagnach 3,000 leanbh gach bliain. Lean comhpháirtíocht Chathair Scannán UNESCO de bheith ag cur forbairt na hearnála scannán chun cinn, le tacaíocht ó infheistíocht bhliantúil €40,000 agus ranníocaíochtaí le ciste closamhairc WRAP.

Tríd is tríd, léiríonn an dul chun cinn comhcheangailte le linn 2024 agus 2025 córas ealaíon atá níos cuimsithí, atá níos fearr i dtaobh acmhainní agus níos fearr i dtaobh ailíniú straitéiseach ná mar a bhí riamh roimhe seo. Leathnaigh Oifig na nEalaíon rochtain chultúrtha, neartaigh sí tacaíochtaí d'ealaíontóirí, shaibhrigh sí tírdhreach bríomhar féilte agus imeachtaí na cathrach, agus chuir sí tionscadail mhóra bonneagair chultúrtha chun cinn. Cuireann na gnóthachtálacha seo go díreach le fís na Gaillimhe maidir le bheith ina cathair atá cruthaitheach, atá féinmhuiníneach ó thaobh cultúir de agus a bheith ina cathair ina gcothaítear tallann ealaíne agus ina mbíonn pobail rannpháirteach ar bhonn gníomhach i ndáil leis an saol cultúrtha a mhúnlú.

**Gníomh 1.2: Na gníomhartha atá leagtha amach i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023– 2027 a chur i bhfeidhm.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe (Éire Ildánach)

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Cathair na Gaillimhe Straitéis dhinimiciúil Chultúir agus Chruthaitheachta i bhfeidhm a bhí dírithe ar an bpobal agus a neartaigh féiniúlacht áitiúil, rannpháirtíocht chruthaitheach agus folláine shóisialta. In 2024, sheol an Chomhairle Féile Ealaíon an Taobh Thoir, a forbraíodh go díreach trí chomhairliúchán pobail i mBaile Bán agus i nDabhach Uisce, lena chinntiú gur mhúnlaigh cónaitheoirí áitiúla an clár cultúrtha agus gur díríodh é orthu féin. Comhlánaíodh é seo le 15 thionscadal chruthaitheacha faoi stiúir an phobail, a roghnaíodh trí Ghlao Oscailte, rud a chumhachtaigh grúpaí ar fud na cathrach chun tionscnaimh a dhearadh a díríodh ar an gcuimsitheacht, ar an scéalaíocht áitiúil agus ar bhród

comharsanachta. Thacaigh maoiniú Éire Ildánach le raon leathan tionscadal a bhí ailínithe leis na tosaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, rannpháirtíocht na n-óg agus cruthú áite trí mheán na cruthaitheachta. I measc na dtionscnamh suntasach bhí an Tionscadal Amharclainne Aeráide, a comhchruthaíodh le leanaí scoile mar chuid d’Fhéile Inspioráidí Aeráide Chathair na Gaillimhe, agus an clár Mending HeARTs – comhthionscnamh idir na healaíona agus an tsláinte a thacaíonn le folláine chardashoithíoch agus atá ar an mbóthar chun a chríochnaithe in 2026.

Neartaigh an chathair a geilleagar cruthaitheach freisin tríd an Tionscnamh Cluichí Iarthar na Gaillimhe (WGGI), a seachadadh i gcomhpháirtíocht le hÁrdán agus CREW, ag cur tacaíochtaí gorlainne ar fáil do dhearthóirí físchluichí atá ag teacht chun cinn. Leathnaíodh rochtain chultúrtha na n-óg trí Youth Lates, clár oíche a múnlaíodh i gcomhar le Comhairleoir Gheilleagar Oíche na Gaillimhe chun imeachtaí tráthnóna sábháilte agus cruthaitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga.

Leathnaíodh tionscnaimh Gheilleagar Oíche na Gaillimhe go mór in 2025, agus cuireadh réimse éagsúil cuimsitheach d’eispéiris chultúrtha ar fáil. I measc na gclár rathúil bhí Café Lates, Youth Lates, Cruinniú Late agus Culture Night Late, chomh maith le feabhsuithe a rinneadh ar Pháirc an Athar de Búrca chun í a fhorbairt mar spás lasmuigh d’imeachtaí cultúrtha. Trí thionscnaimh bhreise amhail an feachtas feasachta míchumais Night Out Access In, an tionscnamh sábháilteachta meán Safe and Sound, agus rannpháirtíocht na Gaillimhe i dtionscadail Interreg NITIES agus URBACT, neartaíodh an tsábháilteacht, an inrochtaineacht agus an nuálaíocht i bpleanáil chultúir oíche. Chuir an Chomhairle clár leathnaithe imeachtaí teaghlaigh Oíche Chinn Bhliana ar fáil freisin, rud a chinntigh go raibh ceiliúradh a bhí oiriúnach do theaghlaigh i gcroílár chlár féile na cathrach. Go tábhachtach, choinnigh Cathair na Gaillimhe agus Bóthar na Trá araon a n-ainmniúchán Bratach Chorcra, á n-aithint mar chinn scríbe oíche ar ardchaighdeán, dea-bhainistithe agus sábháilte.

I dteannta a chéile, léirítear le gníomhartha 2024 agus 2025 tiomantas láidir Chathair na Gaillimhe don chruthaitheacht mar údar spreagtha do chomhtháthú pobail, deiseanna eacnamaíocha, sláinte agus folláine, agus beocht chultúrtha—d’fhonn cathair níos cuimsithí, níos rannpháirtí agus níos samhlaíche a chinntiú do chách. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: **https://www.creativeireland.gov.ie/ga/galway-city-2/**

**Cuspóir:** Leanúint i mbun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála cultúir, chun ról Chathair na Gaillimhe a fheabhsú tuilleadh mar chathair nuálach, chuimsitheach agus chomhoibríoch den chéad scoth a bhfuil cáil dhomhanda uirthi.

**Gníomh 1.3: Na tionscadail chultúrtha tosaíochta atá leagtha amach i gClár Caipitil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024–2026 a chur chun cinn tuilleadh.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe dul chun cinn láidir ar phríomhthosaíochtaí bonneagair chultúrtha, agus cuireadh go leor tionscadail éagsúla chun cinn trí chéimeanna dearaidh, athchóirithe agus réamhthógála. Leanadh ar aghaidh go seasta leis an obair ar Mhúsaem Chathair na Gaillimhe, agus tacaíodh le céim dearaidh chaipitil 2024 le plean athchóirithe fuinnimh arna mhaoiniú ag SEAI, agus cuireadh togra forbartha leasaithe faoi bhráid Fáilte Éireann in 2025, mar aon le méadú suntasach 25,000 ar líon na gcuairteoirí.

Cuireadh infheistíocht shuntasach chun cinn ag Oileán Altanach / Teach an Mhinistir, áit ar leagadh le deontas THRIVE €3.8m a daingníodh in 2024 an bhunchloch do mhórathchóiriú agus d'fhorbairt spásanna cruthaitheacha. Faoin mbliain 2025, glacadh go foirmiúil le Straitéis THRIVE Cheantar an Iarthair, rud a chuir Oileán Altanach chun cinn mar chroí-ancaire cultúrtha i gcomhthéacs athghiniúint níos leithne an cheantair.

Cuireadh spás cultúrtha Bhóthar na gCeannaithe chun cinn trí oibreacha cumasúcháin in 2024, lena n-áirítear athlonnú bonneagair ESB, agus deonaíodh ceadú leasaithe Chéim 2 in 2025. Leis seo, tugadh deis leanúint ar aghaidh le dearadh mionsonraithe, agus an tionscadal á ullmhú le haghaidh tairisceana agus tógála ina dhiaidh sin.
Sa dá bhliain, leanadh de spásanna oibre d'ealaíontóirí a leathnú trí thacaíochtaí forbartha gairmiúla agus cónaitheachtaí spriocdhírithe. Trí chláir ar nós cónaitheachtaí in Ionad Tyrone Guthrie, Áras Éanna, Interface Inagh agus eile, cuireadh le rochtain ar spásanna cruthaitheacha tiomnaithe d'amharc-ealaíontóirí, scríbhneoirí agus taibheoirí.

Cuireadh chun cinn le linn na tréimhse seo pleananna athchóirithe agus athnuachana d'Ionad Ealaíon 47 Sráid Dhoiminic (Ionad Ealaíon na Gaillimhe). Aithníodh an foirgneamh in 2024 mar shuíomh tosaíochta laistigh de Straitéis THRIVE, agus cuireadh chun cinn é i dtreo céimeanna caomhnaithe agus pleanála in 2025 trí Phlean Bainistíochta Caomhantais a ullmhú.

Rinneadh forbairt shuntasach ar mhórionaid chultúrtha na Cathrach freisin. In 2024, chláraigh Amharclann Halla an Bhaile 115,000 cuairteoir, agus choinnigh sí a stádas mar cheann de na hionaid is gnóthaí a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. Lean den treocht seo ina clár don bhliain 2025 le sceideal éagsúil a chuimsigh amharclannaíocht, damhsa, scannánaíocht agus rannpháirtíocht pobail.

Idir an dá linn, lean Leisureland dá bhonneagar cultúir agus áineasa a fheabhsú. In 2024, cuireadh uasghráduithe móra i gcrích, lena n-áirítear córais nua láimhseála aeir atá tíosach ar fhuinneamh agus suiteálacha gréine, agus in 2025, trí infheistíocht bhreise i dtrealamh giomnáisiam agus leathnú ar chlár imeachtaí, cuidíodh leis an ionad teacht i ngar d'úsáid bhuaice.

I dteannta a chéile, léirítear sa tréimhse ó 2024 go 2025 dul chun cinn láidir comhordaithe i ndáil le huaillmhianta bonneagair chultúrtha Chathair na Gaillimhe a bhaint amach – agus saoráidí á neartú, spásanna cruthaitheacha nua á bhforbairt, mórionaid shuntasacha á bhfeabhsú agus tacaíocht á tabhairt d'athghiniúint chultúrtha fhadtéarmach ar fud na cathrach.

---

**Cuspóir:** An stádas atá againn mar chathair dhátheangach a neadú agus a threisiú, agus leanúint d'aitheantas a thabhairt do thábhacht na Gaeilge mar acmhainn chultúir, phobail agus eacnamaíoch.

**Gníomh 1.4: Cur i bhfeidhm Phlean Teanga na Gaeilge do Chathair na Gaillimhe 2020 - 2026 a chur chun cinn agus tacú lena chur i bhfeidhm.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Gaillimh le Gaeilge

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, lean Gaillimh le Gaeilge agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe de ról na Gaillimhe mar chathair dhátheangach na hÉireann a neartú trí thacú le cainteoirí líofa Gaeilge, le pobail Ghaeltachta, le teaghlaigh atá ag tógáil páistí trí Ghaeilge, agus le foghlaimeoirí Gaeilge de gach aoisghrúpa. Chuir an chathair le deiseanna do dhaoine Gaeilge a fhoghlaim, a labhairt agus a chleachtadh sa saol laethúil, agus neartaigh sí a ról mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta do Chonamara, do Bhaile an Chláir agus do cheantair Ghaeltachta eile.

Sa bhliain 2024, trí raon leathan imeachtaí sóisialta agus cultúrtha, cruthaíodh deiseanna rialta d'úsáid na Gaeilge ar fud na cathrach. Trí chláir ar nós Aon Scéal, Tob-Ghaeltacht, Ciorcal Comhrá sa PorterShed agus Spás Gaeilge sa Leabharlann Chathrach, cuireadh spásanna neamhfhoirmiúla fáilteacha ar fáil ar mhaithe le comhrá agus forbairt phobail. Chomh maith leis sin, chuir an chathair Tonnta 2024 ar fáil, ina raibh 31 imeacht dátheangach agus ar mealladh 5,700 freastalaí chuige le linn deireadh seachtaine amháin, lena n-áirítear 22 imeacht saor in aisce agus 11 ghníomhaíocht a bhí dírithe ar dhaoine óga – ar léiriú a bhí ansin ar an éileamh láidir poiblí ar chláir chultúrtha inrochtana trí mheán na Gaeilge.

Sa bhliain 2025, tháinig méadú suntasach ar an bhfuinneamh seo le Tonnta 2025. Le linn na féile, rinneadh ceiliúradh mór dátheangach ar fud na cathrach, le ceolchoirmeacha, ceardlanna, turais bhia, imeachtaí teaghlaigh agus taispeántais lasmuigh in ionaid aitheanta.

D'fhonn seirbhísí do phobal na Gaeilge a neartú, d'fhorbair Gaillimh le Gaeilge 'An tEolaire – Seirbhís trí Ghaeilge', eolaire lena gcuirtear gnólachtaí a oibríonn trí Ghaeilge chun cinn, agus sheol siad feachtas Treibh na Máirte chun eagraíochtaí a thairgeann #SeirbhísTríGhaeilge a aithint agus a spreagadh. Trí na hiarrachtaí seo, cuireadh le hinfheictheacht seirbhísí Gaeilge agus rinneadh éascaíocht ar chónaitheoirí, ar chuairteoirí agus ar phobail Ghaeltachta dul i dteagmháil leis an nGaeilge sa saol laethúil. Thacaigh dhá thionscnamh nua in éineacht le hOllscoil na Gaillimhe freisin le húsáid mhéadaithe na Gaeilge i suíomhanna acadúla, sóisialta agus gairmiúla.

Cloch mhíle straitéiseach mhór ab ea staidéar féidearthachta a chur i gcrích do Lárionad Cultúrtha Gaeilge nua i gCathair na Gaillimhe. Arna chur faoi bhráid na Roinne le haghaidh athbhreithnithe, tugtar moladh sa staidéar do mhol cultúrtha comhroinnte chun tacú le foghlaim, le cláir phobail, le hobair chruthaitheach agus le rannpháirtíocht tras-Ghaeltachta – d'fhonn ról fadtéarmach na Gaillimhe chun tacú le todhchaí na Gaeilge a neartú.

I gcaitheamh na bliana 2025, méadaíodh go suntasach cumas na cathrach seirbhísí Gaeilge a sholáthar.

Reáchtáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe a céad Chruinniú Comhairle iomlán dátheangach ar an 10 Márta 2025. Chuir Coiste Beartais Straitéisigh atá tiomnaithe don Ghaeilge, agus a bunaíodh i mí na Nollag 2024, gníomhartha tábhachtacha chun cinn, lena n-áirítear treoir stíle don Ghaeilge, caighdeáin aistriúcháin ardchaighdeáin, agus rolladh amach comharthaí logainmneacha Gaeltachta ar fud cheantair na cathrach. Leis na hiarrachtaí seo, treisíodh seirbhísí do chónaitheoirí a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile, san obair nó i suíomhanna pobail.

**Gníomh 1.5:** An Ghaeilge a léiriú sa tairiscint ealaíne agus chultúrtha atá ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí chun na cathrach.

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn na mblianta 2024 agus 2025, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe a sprioc a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht na Gaeilge a leathnú i measc daoine óga agus tacaíocht a thabhairt do léiriú cruthaitheach trí mhaoiniú tiomnaithe, féilte agus cláir idirchultúrtha.

In 2024, rinne Gaillimh le Gaeilge agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe Tonnta 2024 a chomh-mhaoiniú agus a sheachadadh – An Ghaeilge agus Gaillimh a cheiliúradh mar Chathair Dhátheangach, mórfhéile chultúrtha Ghaeilge a dearadh chun spás spraíúil, cuimsitheach a chur ar fáil do dhaoine óga na cathrach, do theaghlaigh, d’fhoghlaimeoirí agus do chainteoirí líofa. Bhí tionchar suntasach ag an bhféile, agus 5,700 duine á mealladh chuici i gcaitheamh an deireadh seachtaine, mar aon le go leor imeachtaí príomhthábhachta bheith á gcur ar fáil saor in aisce ar mhaithe le bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú. Le Tonnta 2024, leagadh béim ar stádas uathúil na Gaillimhe mar an t-aon chathair dhátheangach in Éirinn, agus léiríodh éileamh láidir poiblí ar eispéiris chruthaitheacha inrochtana trí Ghaeilge.

D’fhonn cur leis an rath seo, forbraíodh Tonnta 2025 le clár leathnaithe a reáchtáladh i gcomhthráth le Lá Fhéile Bríde. Mar chuid d’fhéile na bliana 2025, leagadh níos mó béime ar chultúr na Gaeltachta, ar rannpháirtíocht na n-óg, ar rannpháirtíocht an phobail agus ar chláir dhátheangacha, rud a neartaigh deiseanna cruthaitheacha do dhaoine óga agus a chothaigh lucht féachana nua don Ghaeilge. Le linn 2024 agus 2025, thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freisin le rannpháirtíocht chruthaitheach trí Ghaeilge trí Oíche Chultúir agus Cruinniú na nÓg, d’fhonn sruthanna maoinithe tiomnaithe a chinntiú do chláreagrú ealaíon Gaeilge, do rannpháirtíocht na n-óg agus d’imeachtaí dátheangacha. Tá na hardáin seo ina spásanna fíorthábhachtacha i gcónaí do dhaoine óga chun dul i mbun na cruthaitheachta trí mheán na Gaeilge, ar bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon.

Ina theannta sin, léiriú ab ea an tionscadal Dúchasach / Ypykuéra ar an tionchar dearfach atá ag cleachtas cruthaitheach idirchultúrtha atá dírithe ar dhaoine óga. Le tacaíocht ón gCiste

Pobail Chruthaitheacha, tugadh cultúir Éireannacha/Ghaelacha agus cultúir dhúchasacha na Brasaíle le chéile faoin tionscnamh trí cheardlanna, scéalaíocht agus iniúchadh ealaíonta comhoibríoch. Tríd an tionscadal, cuireadh deiseanna suntasacha ar fáil do rannpháirtithe óga a bhféiniúlacht a chur in iúl, a n-oidhreacht chultúrtha a fhiosrú agus dul i mbun gníomhaíochtaí cruthaitheacha trasna teangacha – rud a neartaigh muinín, nasc agus bród laistigh de phobail éagsúla i nGaillimh.

Cuspóir: Na hearnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus oideachais a neartú agus leas a bhaint astu chun infheistíocht nua, tráchtálú agus deiseanna comhoibrithe a mhealladh.

**Cuspóir**: Na hearnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus oideachais a neartú agus leas a bhaint astu chun infheistíocht nua, tráchtálú agus deiseanna comhoibrithe a mhealladh.

**Gníomh 1.6: Páirt ghníomhach a ghlacadh i nDúshlán Cathracha Cliste an Aontais Eorpaigh (ICC) chun réitigh dhigiteacha nuálacha a phíolótú d'fhonn earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha atá athléimneach agus inbhuanaithe a chruthú.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Níor tugadh ar aghaidh

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Mar gheall ar easpa acmhainní foirne laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, níor cuireadh an tionscadal chun cinn in 2024. Beidh gá an gníomh seo a athbhreithniú i gcomhthéacs an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP). Cé nár cuireadh an rannpháirtíocht i nDúshlán Chathracha Cliste an Aontais Eorpaigh chun cinn in 2024, trí athbhreithniú a dhéanamh air i gcomhthéacs an PÁEP agus trí aghaidh a thabhairt ar na srianta acmhainní, cuirfear ar chumas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an tionscadal nuálach seo a thabhairt ar aghaidh. Trí na hacmhainní riachtanacha a chinntiú agus na comhpháirtíochtaí cuí a fhorbairt, is féidir le Gaillimh leas a bhaint as an deis seo chun a hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a fheabhsú trí ghlacadh le réitigh dhigiteacha ar mhaithe le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht.

**Gníomh 1.7: Cuspóirí Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair na Gaillimhe 2023–2027 a chur chun cinn.**

**Lead Partner**: Galway City Council (Creative Ireland)

**Status**: Ongoing

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe The Air We Share chun cinn, ar tionscadal nuálach um Ghníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide atá ann a dearadh chun feasacht a mhéadú ar thruailliú aeir agus chun tacú le hiompar dearfach aeráide i gCrios Dícharbónaithe na Gaillimhe. Faoi stiúir cuibhreannais ina bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Ionad Ealaíon na Gaillimhe, Ionad Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha Ollscoil na Gaillimhe, an tIonad um Staidéar ar an Aeráid agus ar Thruailliú Aeir, Ionad Insight SFI um Anailísíocht Sonraí, Ionad Acmhainní an Taoibh Thiar, agus Comhlacht Cultúir na Gaillimhe, comhcheanglaíonn an tionscadal taighde eolaíoch, rannpháirtíocht pobail agus cleachtas ealaíne chun saincheist dhofheicthe cháilíocht an aeir a dhéanamh infheicthe agus indéanta gníomhú uirthi.

Ceann de na príomhéachtaí in 2024 ab ea seacht monatóir cáilíochta aeir a shuiteáil ar fud an Chreasa Dícharbónaithe. Soláthraíonn na monatóirí seo sonraí comhshaoil fíor-ama, rud a chuireann ar chumas cónaitheoirí, scoileanna agus grúpaí pobail tuiscint níos fearr a fháil ar phatrúin áitiúla truaillithe aeir agus tacú le díospóireachtaí aeráide atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí. Tríd an tionscadal, cuireadh clár cuimsitheach rannpháirtíochta pobail i gcrích freisin, lena n-áirítear cainteanna poiblí, taispeántais scannán agus siúlóidí fuaime a reáchtáladh mar chuid d’Fhéile Inspioráidí Aeráide Chathair na Gaillimhe. Chuidigh na himeachtaí seo le tuiscint agus feasacht ar shaincheisteanna comhshaoil a neartú, agus rannpháirtíocht ó réimse leathan ball den phobal á cothú ag an am céanna.

Is é Clár na nEalaíontóirí Cónaithe, a seoladh i mí na Samhna 2024, croílár chruthaitheach an tionscadail The Air We Share. Chuir na healaíontóirí a roghnaíodh tús le cónaitheacht naoi mí i mbun oibre go díreach le cónaitheoirí an Taoibh Thiar, le heolaithe aeráide agus le taighdeoirí saoránacha, chun léirmhínithe cruthaitheacha ar shonraí cáilíochta aeir a fhorbairt. Cuidíonn a gcuid oibre le torthaí eolaíocha a aistriú ina saothair ealaíne atá inrochtana agus a mbíonn tionchar mothúchánach acu, rud a neartaíonn tuiscint an phobail ar an athrú comhshaoil. Tháinig an chónaitheacht chun críche le taispeántais phoiblí ag Féile Ealaíon an Taoibh Thiar i mí Iúil 2025, rud a thug deis don phobal taithí a fháil ar na haschuir ealaíne agus machnamh comhchoiteann a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh ón tionscadail.

Ag teacht le tionscnamh NetZeroCities an Aontais Eorpaigh, cuireann The Air We Share bonn eolais go díreach faoi bheartas aeráide atá ag teacht chun cinn i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Trí eolaíocht, cruthaitheacht agus guthanna an phobail a chomhtháthú, cuireann an tionscadal le hathruithe cultúrtha agus iompraíochta i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe, atá fréamhaithe i gcothroime, i gcomhoibriú agus i ngníomh dearfach. Cuirtear maoiniú ar fáil dó tríd an gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, ar tionscnamh é de chuid Chlár Éire Ildánach.

Le clár 2024–2025 léirítear i dteannta a chéile ról suntasach an tionscadail i scéalaíocht aeráide, i gcumhachtú pobail agus i bhfeasacht chomhshaoil, d'fhonn ullmhúchán a dhéanamh d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach faoi stiúir an phobail i gCrios Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe.

**Gníomh 1.8: Na cuspóirí a comhaontaíodh a bhaint amach mar chomhpháirtithe áitiúla faoi thionscadail náisiúnta agus trasteorann "Oileán Comhroinnte"**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe (An Oifig Ealaíon)

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh i mbun comhpháirtíochtaí cultúrtha trasteorann a chur chun cinn tríd an Scéim Maoinithe Forbartha Údaráis Áitiúil um Oileán Comhroinnte, d'fhonn an clár Culture Connects agus an tionscnamh Réigiún an Atlantaigh um Ábhar Cruthaitheach (ARCC) araon a chur chun cinn. Leis na tionscadail seo, leagadh béim ar áiteanna cruthaitheacha a chruthú, ar shoghluaisteacht ealaíontóirí, ar fhorbairt ghairmiúil agus ar éiceachórais chultúrtha inbhuanaithe lena nasctar pobail ó Thuaidh agus ó Dheas.

Dírítear tionscadal Culture Connects - ar comhoibriú é idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Buirge Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon - ar chaidrimh chultúrtha a neartú trí chónaitheachtaí ealaíontóirí, spásanna oibre comhroinnte, cláir mheantóireachta agus comhoibriú trasna na hearnála. Faoi stiúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus in éineacht le comhpháirtithe, lena n-áirítear ATU, Coláiste Réigiúnach an Deiscirt agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe, díríodh an tionscadal ar áiteanna cruthaitheacha a chruthú, d'fhonn iniúchadh a dhéanamh faoi mar is féidir naisc níos doimhne a chothú idir ealaíontóirí agus pobail ar fud an oileáin trí chleachtas ealaíne. Tháinig an obair chun críche leis an Tuarascáil Féidearthachta Culture Connects 2023, inar cuireadh treochlár ar fáil don

chomhoibriú amach anseo agus inar leagadh béim ar thábhacht na mbonneagar comhroinnte, na dtacaíochtaí gairmiúla agus forbairt líonraí d'ealaíontóirí ar an dá thaobh den teorainn.

Le linn 2024 agus isteach sa bhliain 2025, lean Ionad Ealaíon na Gaillimhe de ról gníomhach a imirt, trí chur le malartú ealaíne níos fearr, le forbairt scileanna agus le deiseanna do rannpháirtíocht chruthaitheach trasteorann.

I gcomhthráth leis sin, cuireadh an tionscnamh Réigiún an Atlantaigh um Ábhar Cruthaitheach (ARCC) chun cinn trí staidéar féidearthachta trasteorann faoi stiúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar le Blu Zebra Ltd. Le linn 2023 agus 2024, rinneadh iniúchadh mar chuid den staidéar i dtaca le braisle dhigiteach chruthaitheach a fhorbairt lena nascfaí réigiúin amhail Gaillimh, Sligeach, Inis Ceithleann, Leitir Ceanainn agus Doire, agus lena bhféadfaí Dún Dealgan agus Iúr Cinn Trá a chur san áireamh freisin. Tá sé mar aidhm ag tionscadal ARCC tacú le scéalaíocht dhigiteach chomhroinnte, le saoráidí léiriúcháin fhíorúla, agus le comhoibriú feabhsaithe ar fud earnáil na teicneolaíochta cruthaithí. Nuair a chuirfear i bhfeidhm ARCC, cruthófar líonra a nascfadh fiontair agus soláthraithe oideachais ar fud an oileáin, d'fhonn scileanna, nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn sna tionscail chruthaitheacha.

# Sprioc Ardleibhéil 2: Cathair Nuálach



# Sprioc Ardleibhéil 2: Cathair Nuálach

**Cuspóir:** Éiceachóras a fhorbairt agus a spreagadh ar mhaithe le nuálaíocht, fiontraíocht agus fiontar, lena n-áirítear fiontraíocht phobail / shóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

**Gníomh 2.1: Gníomhartha atá i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair a bhaineann le Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Cathair na Gaillimhe éiceachóras láidir nuálaíochta agus fiontraíochta chun cinn ina dtacaítear le gnólachtaí nuathionscanta, le fiontair shóisialta agus phobail, agus le fás atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá an dul chun cinn seo ag teacht go díreach leis an sprioc straitéiseach maidir le timpeallacht fiontraíochta a fhorbairt atá bríomhar, cuimsitheach agus nasctha go réigiúnach.

Cloch choirnéil den dul chun cinn ab ea leathnú leanúnach an bhonneagair gorlainne, luasaireachta agus tosaithe atá dírithe ar earnálacha faoi leith. Trí leathnú €5.2 milliún ar Platform94, cuireadh go mór le cumas na Gaillimhe tacú le fiontair teicneolaíochta atá i mbun méadú, atá i mbun a gclár SCALE a chur chun cinn agus atá i mbun éiceachóras nuálaíochta an réigiúin a threisiú. Trí Mhol Fiontraíochta agus Nuálaíochta Cruthaitheach CREW, a osclaíodh in 2024, feabhsaíodh an t-éiceachóras seo tuilleadh trí thacú le 105 fiontar cruthaitheach luathchéime agus trí shamhail mol agus craobh a chur ar fáil a shroicheann 11 chontae, rud a chuireann ar chumas fiontraithe digiteacha, cruthaitheacha agus cultúrtha gnólachtaí inbhuanaithe a thosú agus a fhorbairt.

Tacaíodh le conairí fiontraíochta trí rochtain fheabhsaithe ar chaipiteal luathchéime agus caipiteal fáis, a cuireadh ar fáil trí thionscnamh Interreg arna mhaoiniú ag an Eoraip agus faoi stiúir WestBIC. Aithníodh leis an obair samhlacha nua ar nós cistí comh-infheistíochta réigiúnacha, maoiniú bunaithe ar ioncam, slua-chistiú cothromais agus tacaíochtaí ullmhachta d’infheisteoirí, chomh maith le thart ar 300 rannpháirtí a mhealladh chuig imeachtaí rochtana caipitil. Trí na moltaí seo, tacaítear go díreach le deiseanna d’fhiontair inbhuanaithe agus fiontair a bhfuil tairbhe shóisialta ag baint leo chun maoiniú fáis a fháil

Bhí forbairt daoine agus scileanna ina príomhthosaíocht i gcónaí. Chuaigh Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair i dteagmháil le breis agus 2,000 ceannaire ar fud an réigiúin, d'fhonn conairí scileanna nua in intleacht shaorga, uathoibriú, innealtóireacht shibhialta, déantúsaíocht bia, agus hidrigin ghlas a sheachadadh. Tuarascálacha faisnéise scileanna ar nós 'Cumhachtaithe ag Intleacht Shaorga': Trí 'Fás FBManna san Iarthar a Chumasú', forbraíodh freagraí oiliúna a thacaíonn le fiontraíocht atá réamhullmhaithe don todhchaí agus le nuálaíocht inbhuanaithe.

Tríd an tionscnamh Moil Nasctha, neartaíodh comhfhorbairt áite, fiontraíocht phobail agus coinneáil tallainne. I rith 2025, bhí moil ag feidhmiú níos mó mar spásanna ilfheidhmeacha pobail agus nuálaíochta, trí chláir fiontraíochta, imeachtaí líonraithe agus rannpháirtíocht chultúrtha a óstáil. Cuireadh uileghabhálacht agus comhionannas chun cinn trí EMPOWER Cumasú, a thacaigh le 115 beanfhiontraí i réigiúin Ghaeltachta agus tuaithe trí na conairí START agus GROWTH, trí mheantóireacht, agus trí thacaíochtaí roghnacha Gaeilge. Trí chláir eile, ar nós máistir-ranganna PorterShed do bhunaitheoirí ban agus tionscnaimh nuálaíochta digití atá cuimsitheach ó thaobh inscne de ag CREW, rinneadh an rochtain atá ag grúpaí atá faoi ghannionadaíocht a leathnú tuilleadh.

I dteannta a chéile, léiríonn na héachtaí seo ceannaireacht láidir Chathair na Gaillimhe i ndáil le héiceachóras nuálaíochta a fhorbairt atá fiontraíoch, dírithe ar an bpobal agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, rud a chuireann ar chumas bunaitheoirí éagsúla, fiontair nua agus pobail áitiúla rath a bhaint amach.

---

**Gníomh 2.2: Tacú le forbairt an gheilleagair shóisialta agus chiorclaigh**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, neartaigh Cathair na Gaillimhe a héiceachóras fiontar sóisialta agus geilleagair chiorclaigh trí chur i bhfeidhm comhordaithe ag SCCUL Enterprises, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (SICAP), Portershed, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus comhpháirtithe réigiúnacha faoi Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair (REP). I dteannta a chéile, chuir na gníomhartha seo meantóireacht, spás fiontraíochta, cumas inbhuanaitheachta, líonrú agus cuimsiú chun cinn d'fhiontair shóisialta ar fud na cathrach.

Chuir Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (SICAP) agus SCCUL Enterprises feabhas suntasach ar na tacaíochtaí meantóireachta atá ar fáil d'fhiontair shóisialta. Cuireadh naonúr meantóirí nua leis an gclár Bizmentors, rud a thug an líon iomlán go 94, agus tugadh tacaíocht do 46 meantaí trí sheisiúin duine le duine agus ar líne. Ghlac 70 rannpháirtí páirt in imeacht fiontraíochta sóisialta i mí Feabhra 2024, a chuidigh le clár nua ceardlann spriocdhírithe a mhúnlú bunaithe ar na riachtanais foghlama a sainaithníodh. Trí na forbairtí seo, tháinig méadú suntasach ar na tacaíochtaí meantóireachta agus forbartha acmhainne atá ar fáil d'fhiontair shóisialta agus phobail. I gcomhpháirtíocht leis an Portershed, cuireadh oiliúint pháirce shaincheaptha ar fáil chun cabhrú le fiontair shóisialta iad féin a áit a bhaint amach mar sholáthraithe táirgí agus seirbhísí atá inbhuanaithe agus atá freagrach go sóisialta. Trí imeacht corparáideach tiomnaithe do chuir i láthair, cruthaíodh naisc dhíreacha idir fiontair shóisialta agus ceannaitheoirí féideartha, d'fhonn conairí tráchtála atá ailínithe le freagracht shóisialta chorparáideach (CSR) a oscailt agus d'fhonn bunús láidir a leagan síos do chomhoibriú isteach sa bhliain 2025.

Mar chuid dá thiomantas fadtéarmach d'fhiontraíocht shóisialta, tá SCCUL Enterprises ag leathnú Ionad Fiontraíochta an Bhaile Bháin, agus tá spás gorlainne tiomnaithe le hoscailt sa bhliain 2026 Feidhmeoidh an spás nua seo mar mhol d'fhiontair shóisialta agus do ghnólachtaí nuathionscanta traidisiúnta araon, ina gcothófar comhoibriú, nuálaíocht agus fás laistigh de thimpeallacht chuimsitheach fiontraíochta atá fréamhaithe sa phobal.

In 2024, sheol Comhairle Cathrach na Gaillimhe 'Cathair Chiorlach na Gaillimhe', le maoiniú ón Tionscnamh Frithdhumpála de chuid na Roinne Comhshaoil. Tríd an gclár, cuireadh sraith de thionscadail chumhachtacha ar fáil maidir leis an ngeilleagar ciorclach inar díríodh ar dramhaíl a laghdú, athúsáid, deisiú, agus inbhuanaitheacht faoi stiúir an phobail. Cuireann an tionscnamh seo le gníomhartha réigiúnacha lena gcuirtear nuálaíocht sa gheilleagar ciorclach chun cinn, ar nós an Landing Studio ag CREW, an Geilleagar Ciorclach Gorm in Ollscoil na Gaillimhe, agus clár athúsáide teicstíle THREADS, lena nasctar fiontair le taighde feidhmeach agus saineolas ar dhearadh saolré. I dteannta a chéile, neartaíonn na tionscnaimh seo oiriúnú an gheilleagair chiorclaigh do chomhpháirtithe pobail, fiontraíochta agus earnála poiblí.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ina comhpháirtí tionscadail in HEALTHGOGREEN (HGG), togra Interreg Iarthuaisceart na hEorpa atá dírithe ar mhúnlaí geilleagair chiorclaigh a chur chun cinn le haghaidh feistí leighis chúnta laistigh den earnáil cúram sláinte. Tríd an tionscnamh seo, tacófar le nuálaíocht, samhlacha athúsáide, soláthar glas agus comhoibriú trasteorann. Treisítear leis an tionscnamh ceannaireacht na Gaillimhe i gcúram sláinte ciorclach, ag nascadh nuálaíocht shóisialta, inbhuanaitheacht agus forbairt fiontraíochta.

**Gníomh 2.3:** Tacú le céim phíolótach an ardáin 'Innovatex' de chuid Innovate Galway a fhorbairt

**Príomh-Chomhpháirtí:** Ardán 94

**Stádas:** Críochnaithe

## Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Rinneadh an tionscadal píolótach Innovatex, arna fhorbairt ag Tr3dent, a phíolótú go rathúil i dtús na bliana 2024, agus fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an bhfréamhshamhail i dtaca leis an dearadh, inúsáidteacht, agus acmhainneacht chun tacú le héiceachóras nuálaíochta níos nasctha i nGaillimh. "D'aithin páirtithe leasmhara go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint leis an ardán maidir le tairbhí réigiúnacha eacnamaíochta níos leithne a ghiniúint agus chun comhoibriú a fheabhsú ar fud an tírdhreacha fiontraíochta agus nuálaíochta. I ndiaidh clár píolótach rathúil, reáchtáladh pléití cuimsitheacha chun an cosán straitéiseach is oiriúnaí don chéad chéim eile den tionscadal a chinneadh Tháinig roinnt roghanna forbartha inmharthana chun cinn, rud a léirigh solúbthacht agus luach an ardáin ar fud earnálacha ó ghnólachtaí nuathionscanta agus moil go líonraí nuálaíochta réigiúnacha I bhfianaise na hacmhainneachta seo, comhaontaíodh go foirmiúil gurb é Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) is fearr atá suite chun an chéad chéim eile den fhorbairt a stiúradh, ag baint leas as a shainchúram réigiúnach agus as an taithí oibríochtúil atá aige ar thionscnamh Moil Nasctha na hÉireann a bhainistiú. Tá an tionscadal aistrithe go hoifigiúil anois chuig Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), agus cuireadh na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi sin.

Faoi cheannaireacht Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), rachaidh Innovatex i dtreo céim nua atá dírithe ar fhorbairt bhreise, ar chomhtháthú le Moil Nasctha, agus ar mhaoiniú nuálaíochta faoi leith a lorg chun an t-ardán a fhairsingiú agus an t-éiceachóras níos leithne a neartú.

**Cuspóir:** Meon na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na fiontraíochta a chothú inár gcathair.

**Gníomh 2.4:** **Gníomhartha atá i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair a bhaineann le Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Fiontraíocht Chruthaitheach an Iarthair (CREW)

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe dul chun cinn suntasach faoi Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair trí bhraisliú na hearnála cruthaithí a chur chun cinn, bonneagar cruthaitheach réigiúnach a leathnú, agus comhoibriú idir an tionscal, an saol acadúil, moil fiontraíochta agus taighdeoirí a neartú.

Tá Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta Cruthaitheach CREW, a osclaíodh i mí Aibreáin 2024, ag feidhmiú anois mar phríomh-mhol lárnach i samhail mol agus craobh ina nasctar tacaíochtaí d'fhiontair chruthaitheacha ar fud 11 chontae, d'fhonn rochtain chothrom agus réigiúnach ar fud an cheantair a chinntiú. Trí CREW, tugadh tacaíocht do 105 fiontar luathchéime agus do 18 gcuideachta atá i gcéim an fháis idir 2023–2025, agus ghlac 825 rannpháirtí páirt i gcláir fiontraíochta. Is deimhniú é seo maidir le ról CREW mar lárionad barr feabhais réigiúnach.

Neartaigh CREW an braisliú trí 23 chomhpháirtíocht straitéiseach a bhunú ar fud tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag comhoibriú le comhlachtaí ionadaíocha ar nós IMIRT, Eirmersive, agus Institiúid na nDearthóirí in Éirinn Chruthaigh sé seo conairí nua comhoibrithe, dhoimhnigh sé nascacht earnála, agus leathnaigh sé éiceachóras na fiontraíochta cruthaithí. Cuireadh sócmhainní agus saoráidí cruthaitheacha nua chun cinn sa réigiún trí na nithe seo a leanas:

- An Landing Studio ag CREW — spás comhroinnte speisialaithe nuálaíochta a thacaíonn le tionscadail in intleacht shaorga (IS), i dteicneolaíochtaí tumthacha agus sa chruthaitheacht dhigiteach (ag feidhmiú ó thús 2026).
- Spásanna taighde don léiriú fíorúil a fhorbairt in ATU, lena n-áirítear stiúideo bunleibhéil agus pleananna do shaoráid mheánscála T&F don léiriú fíorúil i gcomhpháirtíocht le CREW.

Trí na hinfheistíochtaí seo, cuirtear an réigiún i riocht chun leas a bhaint as deiseanna nua atá ag teacht chun cinn i scannánaíocht, beochan, meáin thumthacha agus léiriú digiteach. Sheachaid ATU agus CREW an Teastas Iarchéime creidiúnaithe i bhFiontraíocht Chruthaitheach agus Forbairt Fiontair (CEED) ar bhonn bliantúil, d'fhonn tacú le bunaitheoirí ar fud an réigiúin Céim 2 - seolfar Dioplóma Iarchéime Leibhéal 9 in 2026, d'fhonn tacaíochtaí struchtúrtha fiontraíochta d'fhiontraithe cruthaitheacha a leathnú.

**Gníomh 2.5: Tacú le gnólachtaí áitiúla agus iad a chur chun cinn go gníomhach trí Thosaíochtaí Straitéiseacha Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn na mblianta 2024 agus 2025, lean Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe (LEO) de ról lárnach a bheith aici chun tacú le fiontraíocht, chun acmhainneacht micreafhiontar a threisiú, agus chun digitiúchán, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar fud Chathair na Gaillimhe.

Sa bhliain 2024, chuir LEO na Gaillimhe raon leathan tacaíochtaí ar fáil d'fhiontraithe luathchéime agus d'fhiontraithe atá bunaithe cheana féin, lena n-áirítear 120 rannpháirtí sa chlár 'Cuir Tús le do Ghnó Féin' (SYOB) agus do 503 gnólacht a bhain leas as clinicí meantóireachta. Trí na seirbhísí seo, cuireadh treoir riachtanach ar fáil d'fhiontraithe nua agus neartaíodh acmhainn bhainistíochta gnólachtaí seanbhunaithe. In 2025, thug LEO na Gaillimhe tús áite i gcónaí do sheirbhísí comhairleachta gnó, lena n-áirítear tacaíochtaí maidir le 'Cuir Tús le do Ghnó Féin', clinicí meantóireachta, seisiúin chomhairleachta gnó agus treoir shonrach earnála a sholáthar.

Le Clár Forbartha Bainistíochta na bliana 2024, tacaíodh le 38 rannpháirtí i ndáil le réimsí ceannaireachta, feabhsú oibríochtúil agus oiliúint shonrach earnála ar nós ceardaíocht, dearadh agus forbairt ghnó. Mar gheall ar na hidirghabhálacha seo, cuireadh feabhas ar iomaíochas agus neartaíodh acmhainn bhainistíochta i micreafhiontair. Le linn 2025, lean LEO na Gaillimhe de thacaíochtaí forbartha bainistíochta agus cumais a sholáthar trí chláir Lean, Ghlas, Dhigiteacha agus chláir earnála faoi leith, a bhí ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúla (LEO).

In 2025, bhí tionchar láidir ag Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe ar fhiontraíocht i dtaca le poist a chruthú, maoiniú, oiliúint agus meantóireacht. Cruthaíodh 76 post nua san iomlán i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ón LEO, agus faomhadh 131 cliant agus tionscadal a fuair maoiniú fiontraíochta dar luach €1.188 milliún. Chomh maith leis sin, chuir an LEO 76 clár oiliúna ar fáil, chun tacú le 1,423 rannpháirtí ar fud réimsí ar nós digitiú, inbhuanaitheacht, forbairt bainistíochta agus cumas tosaithe gnó. Ina theannta sin, cuireadh 882 seisiún meantóireachta duine le duine ar fáil do ghnólachtaí áitiúla, ar mhaithe le treoir shaincheaptha a chur ar fáil chun cabhrú le fiontraithe straitéis, oibríochtaí agus pleanáil fáis a neartú. I dteannta a chéile, léirítear bliain an-táirgiúil do LEO na Gaillimhe sna torthaí seo agus leagtar béim ar a ról lárnach chun tacú le héiceachóras micreafhiontar atá dinimiciúil, iomaíoch agus nuálach.

In 2025, lean LEO na Gaillimhe de chláir tosaithe gnó, tacaíochtaí fiontraíochta do mhic léinn, conairí luasaireachta, agus líonraí fiontraíochta shonracha earnála a sholáthar. Cinntíodh leo seo píblíne seasta i dtaca le cruthú gnólachtaí nua agus gníomhaíocht nuálaíochta.

Buaicphointe mór in 2024 agus 2025 ab ea rath agus leathnú leanúnach an Aonaigh Bronntanas Bia agus Ceardaíochta Áitiúil, a eagraíonn Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe go bliantúil agus a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Bíonn ról lárnach ag an Aonach chun tacú le dearthóirí áitiúla, le táirgeoirí bia ceardaithe agus le micreafhiontair chruthaitheacha i gCathair na Gaillimhe. In 2025, tháinig méadú suntasach ar an Aonach, agus rinneadh an leagan amach traidisiúnta dhá lá a athrú ina thaispeántas leathnaithe sé lá mar gheall ar éileamh gan fasach ó thrádálaithe agus mar gheall ar an tóir ar an imeacht atá ag dul i méid. Tríd an Aonach leathnaithe, rinneadh misean LEO na Gaillimhe a chur chun cinn tuilleadh trí dhíolacháin dhíreacha a ghiniúint, infheictheacht branda a fheabhsú do ghnólachtaí áitiúla, agus cáil na cathrach a neartú mar mhol do chruthaitheacht agus do tháirgeadh ceardaithe.

---

**Gníomh 2.6: Tacú le tionscadail AEC, lena n-áirítear líonra na Mol Nasctha, agus an réigiúin agus mealladh tallainne a chur chun cinn**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun tacaíocht a thabhairt do thionscadail de chuid Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) agus iad a chur chun cinn, agus béim láidir á leagan ar líonra na Mol Naschta a neartú, agus ar thionscnaimh níos leithne i dtaca le cur chun cinn réigiúnach agus mealladh tallainne.

Réimse ina ndearnadh dul chun cinn mór ab ea forbairt leanúnach a dhéanamh ar líonra na Mol Nasctha, arna chomhordú ag Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Le linn 2025, tháinig méadú suntasach ar an líonra, agus forbraíodh na moil ina spásanna ilfheidhmeacha fiontraíochta, foghlama agus pobail ina gcuirtear cláir, imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha ar fáil chun tacú le hoibrithe iargúlta, le fiontraithe agus le pobail áitiúla. Mar gheall ar an bhforbairt seo a rinneadh ar na moil, tacaítear go díreach le coinneáil tallainne agus treisítear éiceachórais réigiúnacha fiontraíochta. Ina theannta sin, sheachaid an WDC feachtais

mhargaíochta náisiúnta le linn thréimhse an phlean chun Moil Nasctha a chur chun cinn mar áiteanna tarraingteacha chun cónaí agus oibriú iontu, inar leagadh béim ar na buntáistí a bhaineann le bonneagar digiteach ardchaighdeáin agus le spásanna oibre atá dírithe ar an bpobal.

Maidir le tionscnamh níos leithne an AEC, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun tacú le comhfhorbairt áite réigiúnach agus le hiarrachtaí meallta fiontraíochta, d'fhonn cur le himeachtaí comhoibrithe idir-réigiúnacha agus ceardlanna coinneála tallainne a eagraíodh i gcomhar le comhpháirtithe ar nós an WDC, an Fóram Scileanna Réigiúnach, agus Moil Nasctha. Chinntigh na rannpháirtíochtaí seo ailíniú le tosaíochtaí an AEC agus chabhraigh siad le Gaillimh agus an leis an Iarthar áit a bhaint amach mar thimpeallacht dhinimiciúil ardchaighdeáin i ndáil le nuálaíocht, fiontraíocht agus cianobair.

Forbairt shuntasach a bhfuiltear ag tnúth léi in 2026 is ea an chéad Straitéis Náisiúnta Mol in Éirinn a thabhairt isteach, atá le seoladh i lár na bliana 2026. Tríd an straitéis seo, cuirfear treochlár náisiúnta soiléir ar fáil chun líonra na Mol Nasctha a fhorbairt, a chomhtháthú agus a leathnú i gcaitheamh na dtrí bliana ina dhiaidh sin. Chun tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) agus trí mhéadú mear éiceachóras na mol náisiúnta, díreofar an straitéis ar chomhoibriú idir moil a neartú, ar bhonneagar digiteach agus fisiceach a fheabhsú, ar cháilíocht seirbhísí a fheabhsú, agus ar líonra na Mol Náisiúnta a shuíomh mar phríomhthiománaí i dtaca le mealladh tallainne, forbairt réigiúnach agus nuálaíocht.

**Cuspóir:** An claochlú digiteach agus glas a chur chun cinn trí fhiontraíocht agus infheistíocht atá inbhuanaithe agus cuimsitheach ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn inár gcathair chliste

**Gníomh 2.7: Speisialtóireacht chliste i bhfuinneamh in-athnuaite atá nasctha le sócmhainní nádúrtha agus fisiceacha a fhorbairt**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Tionscadal NetZeroCities Chomhlacht Chuan na Gaillimhe / Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, rinneadh dul chun cinn suntasach i gCathair na Gaillimhe maidir le speisialtóireacht chliste d'fhuinneamh in-athnuaite, neodracht aeráide, agus ceannaireacht i ndáil le nuálaíocht ghlas. Tá an dul chun cinn ina léiriú ar thionscnaimh áitiúla, comhoibriú réigiúnach, agus forbairtí móra a sainaithníodh i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair, ina gcuirtear Gaillimh i láthair mar phríomh-mhol don gheilleagar in-athnuaite agus ciorclach. Tá forbairt GH2, an chéad Ghleann Hidrigine in Éirinn, á cur chun cinn i nGaillimh i gcónaí, d'fhonn an chathair a bhunú mar lárionad náisiúnta do nuálaíocht hidrigine ghlas. Is ionann tionscadal SH2AMROCK de chuid an Aontais Eorpaigh agus céim thábhachtach chun Ghleann Hidrigine ar mhionscála a fhorbairt do réigiún na Gaillimhe. Faoi chomhordú Ollscoil na Gaillimhe, tá sé mar aidhm leis an tionscnamh éiceachóras hidrigine réigiúnach lán-chomhtháite a fhorbairt trí gach céim den slabhra breisluacha hidrigine a nascadh — taighde, táirgeadh, dáileadh agus iompar. Tríd an gcur chuige comhordaithe seo, cuirfidh SH2AMROCK ar chumas na Gaillimhe réitigh hidrigine a phíolótú agus a léiriú faoi dhálaí fíorshaoil, chun acmhainn an réigiúin a neartú don nuálaíocht i bhfuinneamh in-athnuaite agus tacú le haistriú níos leithne na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin atá neodrach ó thaobh na haeráide de

Tá Gaillimh ag cur le timpeallacht réigiúnach Saotharlainne Beo níos leithne a fhorbairt, ionas go mbeifear in ann tástáil fhíorshaoil a dhéanamh ar nuálaíochtaí digiteacha, glasa agus geilleagair chiorclaigh. Áirítear leis seo dul chun cinn trí Mhol Eorpach um Nuálaíocht Dhigiteach Data2Sustain, atá á chur chun cinn faoi láthair trí Chéim 2 dar luach €23 milliún (2026–2029). Tríd an gclár seo, is féidir le FBManna agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí digitiú, uirlisí intleachta saorga (IS) agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin a thriail trí thacaíochtaí tiomnaithe 'triail sula n-infheistítear', chun cuidiú dlús a chur le haistriú an réigiúin chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe agus atá níos cumasaithe go digiteach.

Lean Cathair na Gaillimhe den obair faoin ardán NetZero Cities a chur chun cinn, d'fhonn tacú le comhoibriú Eorpach chun neodracht aeráide a bhaint amach Tá an obair seo mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige Chathair na Gaillimhe maidir le claochlú digiteach, ciorclaíocht, eolaíocht maidir leis an aeráid, gníomhachtú pobail agus nuálaíocht a chomhtháthú ar fud a clár gníomhaíochta aeráide.

**Gníomh 2.8: Plean Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéireas (DEDP) a fhorbairt**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Fáilte Éireann

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, rinneadh uaillmhian Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn chun tairiscint turasóireachta atá níos cliste, níos glaise, níos nasctha agus níos inbhuanaithe a sholáthar tríd an chéad Phlean Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéireas (DEDP) dá cuid a fhorbairt. Seoladh an plean, faoi stiúir Fáilte Ireland, go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2025, lena bunaíodh creat fadtéarmach chun eispéireas cuairteoirí na cathrach a fheabhsú, nascacht idir comharsanachtaí a neartú, feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú, agus tacú le fás inbhuanaithe na turasóireachta. Leagtar spriocanna soiléire amach sa DEDP i ndáil le forbairt eispéireas, feabhsú bonneagair agus bainistíocht chuairteoirí atá ailínithe leis an aeráid, d'fhonn tacú go díreach le torthaí gníomhaíochta a bhaineann le samhail turasóireachta níos glaise agus níos cliste a chumasú agus le branda turasóireachta faoi leith na Gaillimhe a mhéadú.

In éineacht le seoladh an DEDP, bhain Gaillimh feabhsuithe suntasacha amach i dtaca le tagarmharcáil inbhuanaitheachta domhanda, atá ina léiriú ar thiomantas níos láidre na cathrach do thurasóireacht fhreagrach. Cuireadh Gaillimh chun cinn ón 39ú háit go dtí an 25ú háit san Innéacs Domhanda um Inbhuanaitheacht Ceann Scríbe (GDSI), agus tá sí anois rangaithe chun tosaigh ar Chontae an Chláir, Luimneach agus Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, bhain an chathair an 4ú háit, agus éacht, amach ar fud an domhain i gcatagóir na gCathracha Beaga, agus í in iomaíocht le breis agus 100 ceann scríbe ar fud an domhain.
Faoi chatagóir Chomhshaoil an GDSI, aithníodh Gaillimh mar an 8ú Ceannródaí is Mó Feabhsaithe ar fud an domhain, ar léiriú é sin ar dhul chun cinn mear i dtionscnaimh ghlasa, i ngníomhaíocht aeráide, in inbhuanaitheacht phobail agus i mbainistíocht ceann scríbe atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Tá na héachtaí seo, i dteannta leis an treo straitéiseach a leagadh amach in DEDP 2025, i ndiaidh feasacht ar bhranda turasóireachta na Gaillimhe a mhéadú agus a neartú go suntasach, agus an chathair á cur i láthair mar cheann scríbe atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus bunaithe ar inbhuanaitheacht.

**Gníomh 2.9: Tairiscint turasóireachta Chathair na Gaillimhe a fhorbairt chun bonneagar turasóireachta inbhuanaithe agus eispéiris chuairteoirí a sholáthar**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

**Tuarascáil ar Dhul chun Cinn**

Le linn 2024–2025, rinneadh raon leathan tionscnamh straitéiseach turasóireachta a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe a bhí dírithe ar bhonneagar turasóireachta inbhuanaithe a neartú, ar eispéiris chuairteoirí a fheabhsú, agus ar thacú le gníomhaíocht eacnamaíoch ar feadh na bliana.

Leanadh de chlár láidir féilte agus imeachtaí cultúrtha ar fud na cathrach, chun tacú le cáil na Gaillimhe mar cheann scríbe bríomhar ar feadh na bliana agus chun cuidiú le líon na n-oícheanta cóiríochta agus caiteachas cuairteoirí a mhéadú. Mar gheall ar na himeachtaí seo, atá ailínithe le haitheantas cruthaitheach agus cultúrtha na Gaillimhe, cuireadh le feidhmíocht níos láidre i rith an tséasúir agus lasmuigh den bhuaicshéasúr, chun tacú leis an sprioc chun áitíocht mhéadaithe a bhaint amach i measc soláthraithe cóiríochta. Le linn 2024, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena hacmhainn chun féilte agus eispéiris chuairteoirí ardchaighdeáin a chur ar fáil tuilleadh trí Chomhordaitheoir Imeachtaí nua a cheapadh. Tá an ról tiomnaithe seo lárnach i dtaca le féilte agus imeachtaí a ailíníonn le fís chultúrtha agus uaillmhianta turasóireachta na cathrach a fhorbairt, a chomhordú agus a fheabhsú. Léirítear leis an gceapachán seo tiomantas leanúnach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun Gaillimh a chur chun cinn mar cheann scríbe atá bríomhar, cruthaitheach agus saibhir ó thaobh cultúir de, agus cinntítear leis freisin go dtugtar tacaíocht d’imeachtaí nua agus seanbhunaithe araon chun méadú, nuáil agus cur le geilleagar cuairteoirí na cathrach ar feadh na bliana.

Rinneadh dul chun cinn mór i dtaca le sócmhainní turasóireachta nua agus feabhsaithe a fhorbairt. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar Bhealach Gorm an Iarthair, ar tionscadal suntasach atá ann maidir le turasóireacht áineasa faoin aer agus soghluaisteacht inbhuanaithe, agus rinneadh iniúchadh breise ar dheiseanna chun Mol Conláiste na nOibreacha Uisce a fhorbairt mar thaitneamhacht nua do chuairteoirí atá bunaithe ar an dúlra. Leis na tionscnaimh seo, tacaítear le tírdhreach turasóireachta atá níos glaise agus níos ceangailte agus déantar tairiscint na Gaillimhe a éagsúlú lasmuigh de lár na cathrach.

Le linn 2025, cuireadh tionscadal na mBailte Ceann Scríbe agus an Tionscadail Beochana Uirbí i mBarr an Chalaidh i gcrích, lenar soláthraíodh spásanna poiblí uasghrádaithe, áiseanna atá

feiliúnach do chuairteoirí, agus gnéithe feabhsaithe comhfhorbartha áite. Leis na feabhsuithe seo, cuirtear le timpeallacht atá níos fáiltí, níos insiúlta agus níos saibhre i dtaca leis an eispéireas do chónaitheoirí agus do chuairteoirí, agus ag an am céanna, déantar branda turasóireachta na Gaillimhe agus a hiomaíochas a neartú.

Ina theannta sin, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe dul chun cinn sa príomhchéimeanna forbartha maidir le dhá mhórshócmhainn turasóireachta cósta: Leisureland agus suíomh Pháirc Bhóthar na Trá. Rinneadh dul chun cinn ar obair forbartha tionscadail i ndáil le pleanáil, inmharthanacht, dearadh agus comhtháthú an spáis phoiblí, d'fhonn bunchloch a leagan i gcomhair feabhsuithe suntasacha ar shaoráidí fóillíochta, áineasa agus saoráidí atá feiliúnach do theaghlaigh ar feadh chósta na Gaillimhe. Trí na hinfheistíochtaí straitéiseacha cósta seo, tacaítear leis an sprioc fhadtéarmach chun bonneagar turasóireachta ardchaighdeáin atá seasmhach ó thaobh an athraithe aeráide a sholáthar.

I dteannta a chéile, is léiriú atá sna tionscnaimh seo ar dhul chun cinn fiúntach. Tá Gaillimh i mbun an bonneagar turasóireachta a leathnú agus a uasghrádú, d'fhonn an tairiscint eispéireas ar feadh na bliana a threisiú, agus d'fhonn infheictheacht an bhranda a fheabhsú, le linn inbhuanaitheacht agus cáilíocht a chur i gcroílár na straitéise cuairteoirí ag an am céanna. Mar gheall ar an obair seo, déantar cinnte de gur ceann scríbe bríomhar, tarraingteach agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a bheidh i gCathair na Gaillimhe i gcónaí do chuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta araon.

---

**Gníomh 2.10: Páirt a ghlacadh san Fhóram um Chathracha Cliste Uile-Éireann chun deiseanna a shainaithint agus tacú le tionscnaimh maidir le Cathracha Cliste a sheachadadh.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, neartaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a ceannaireacht i ndáil le nuálaíocht um chathracha cliste trí rannpháirtíocht ghníomhach san Fhóram um Chathracha Cliste Uile-Éireann, comhlacht trasdlínseach a chuireann forbairt cathracha cliste chun cinn ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tríd an bhFóram, cuirtear ardán comhoibríoch ar fáil do chathracha chun dea-chleachtais a roinnt, comhoibriú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus cláir oibre cathracha cliste a chur chun cinn i gcomhar lena chéile ar mhaithe le feabhas a chur ar an saol uirbeach agus luach a sheachadadh do phobail.

Tacaíonn rannpháirtíocht na Gaillimhe lena Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm ar fud na gceithre cholún seo a leanas: Nuálaíocht Dhigiteach, Sochaí Dhigiteach, Inbhuanaitheacht agus Bonneagar Digiteach.

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe dul chun cinn freisin ina comhpháirtíocht le Data2Sustain, an Mol Eorpach um Nuálaíocht Dhigiteach (EDIH) do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Tríd an tionscnamh seo, atá maoinithe ag Fiontraíocht Éireann, is féidir le FBManna áitiúla teacht a bheith acu ar thacaíochtaí don chlaochlú digiteach, lena n-áirítear seirbhísí "triail sula n-infheistítear", anailísíocht sonraí, ullmhacht don intleacht shaorga (IS), uirlisí inbhuanaitheachta agus meantóireacht nuálaíochta.
Trí rannpháirtíocht na Gaillimhe le Data2Sustain, cabhraítear le hiomaíochas FBManna a neartú agus le dlús a chur le haistriú na cathrach chuig geilleagar réigiúnach níos digitithe agus ísealcharbóin.

Chun Colún an Bhonneagair Dhigitigh den Straitéis Dhigiteach a chur chun cinn tuilleadh, tá Oifigeach Leathanbhanda tiomnaithe ceaptha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhréir leis an gcur chuige náisiúnta atá comhordaithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Feidhmíonn an tOifigeach Leathanbhanda mar phointe teagmhála áitiúil d'oibreoirí teileachumarsáide agus don phobal, agus tá ról ceannasach aige chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nascachta áitiúla, agus bonneagar digiteach ardchaighdeáin a imscaradh ar fud na cathrach a chumasú. Tá an fheidhm seo ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil nascacht dhigiteach láidir, a sheasfaidh an aimsir, ar fáil i nGaillimh chun tacú le nuálaíocht na cathrach cliste, forbairt eacnamaíoch agus cuimsiú digiteach.

# Sprioc Ardleibhéil 3: Cathair Chothrom agus Chuimsitheach



# Sprioc Ardleibhéil 3: Cathair Chothrom agus Chuimsitheach

**Cuspóir:** Bochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú trí chláir agus trí thionscnaimh chuí agus spriocdhírithe ionchuimsithe shóisialta agus forbartha pobail

**Gníomh 3.1: Tionscnaimh agus maoiniú a dhíriú ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste a shainaithnítear sa chlár SICAP**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Ba phríomhthionscnamh é an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2024-2028 don LCDC in 2024 agus in 2025, agus nuashonruithe agus meastóireachtaí rialta ar dhul chun cinn á mbreithniú ag cruinnithe LCDC.

Tá seachadadh SICAP i gCathair na Gaillimhe thar 2024 agus 2025 ina léiriú ar dhul chun cinn láidir, leanúnach chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú, agus tá Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GCP) ag sárú spriocanna feidhmíochta go comhsheasmhach agus ag leathnú tacaíochtaí do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí pobail. Thar an dá bhliain, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar Anailís Riachtanas an Bhaile Bháin, agus aistríodh í ó chéim an chomhairliúcháin tosaigh go Plean Gníomhaíochta comhordaithe a fhorbairt.

Le linn 2024 agus 2025, sháraigh GCP Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) SICAP, agus tugadh tosaíocht d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine atá gan obair nó i bhfostaíocht neamhbhuan.

- Sa bhliain 2024, fuair 53 eagraíocht phobail tacaíocht. In 2025, fuair 72 eagraíocht phobail tacaíocht i ndáil le pleanáil, meastóireacht, forbairt acmhainne, forbairt beartais, tograí maoinithe, líonrú agus abhcóideacht (122% den sprioc).
- Bhí 348 duine rannpháirteach i SICAP in 2024, agus 92% díobh cláraithe den chéad uair.
- Áiríodh leis na tacaíochtaí teagasc ESOL, ceardlanna athléimneachta agus folláine, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus oiliúint sa mhargadh saothair do 136 duine in 2024. In 2025, ghlac 197 foghlaimeoir ESOL breise páirt

- Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freisin SCCUL Enterprises CLG chun Anailís ar Riachtanais an Bhaile Bháin a dhéanamh, ag tosú in 2024. Sa tuarascáil deiridh, leagadh béim ar na riachtanais bharrthábhachtacha, bearnaí i seirbhísí, agus deiseanna do ghníomhaíocht níos comhordaithe. Tá an obair á díriú faoi láthair ar Phlean Gníomhaíochta comhoibríoch a fhorbairt.

- In 2025, thug an tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil (LAES) cúnamh do thart ar 700 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach, trí oiliúint dheimhnithe a mhaoiniú.

- Thacaigh an Clár WorkAbility le 61 duine atá faoi mhíchumas, agus chríochnaigh 18 acu oiliúint chreidiúnaithe QQI in 2025.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár SICAP i gCathair na Gaillimhe, tabhair cuairt ar **SICAP – Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe**

---

**Gníomh 3.2: Gníomhartha spriocdhírithe a chur i gcrích tríd an gClár Feabhsúcháin Pobail**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (DRCDG) an Clár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP) 2025 i mí na Samhna 2024 agus rinne LCDC Chathair na Gaillimhe é a riaradh, agus maoiniú reatha agus caipitil breis agus €137,000 á sholáthar do 91 grúpa pobail agus deonach.

Díríodh an tacaíocht seo go háirithe ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste, chun cabhrú le heagraíochtaí oibreacha caipitil beaga a chur i gcrích—amhail deisiúcháin riachtanacha, feabhsuithe inrochtaineachta, agus uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh—mar aon le trealamh a cheannach lena úsáid sa phobail. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú reatha ar fáil faoin gclár chun cabhrú le costais reatha neamhphá, lena n-áirítear billí fuinnimh, costais chíosa nó léasa, agus árachas.

Tá an clár dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a fheabhsú i limistéir

faoi leith. Cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil do thionscadail lena gcuirtear le méadú na ngeilleagar áitiúil, lena gcuirtear feabhas ar bhonneagar, agus lena gcuirtear inbhuanaitheacht chun cinn. Tríd an LEP, spreagtar comhoibriú idir údaráis áitiúla, gnólachtaí agus grúpaí pobail chun tionscnaimh a chur i gcrích lena gcuirtear feabhas ar chaighdeán na beatha ar an iomlán agus lena gcothaítear rathúnas agus athléimneacht fhadtéarmach.

I gCathair na Gaillimhe, ceadaíodh maoiniú caipitil €128,000 faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2024, agus leithdháileadh maoiniú reatha agus caipitil breis agus €137,000 faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2025. Thacaigh an infheistíocht seo le 67 grúpa agus eagraíocht phobail agus dheonach in 2024 agus le 91 grúpa in 2025, rud a chuir ar a gcumas raon leathan tionscadal a bhí dírithe ar an bpobal a chur i gcrích.

Chríochnaigh na grúpaí ar fad a dtionscadail in 2024 agus 2025 agus tharraing siad anuas an maoiniú a leithdháileadh orthu ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Fógraíodh an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 i mí na Nollag 2025, agus fuair Cathair na Gaillimhe leithdháileadh €141,688.31 i maoiniú caipitil. Tá sé beartaithe an próiseas iarratais don sruth maoinithe seo a oscailt go luath sa bhliain 2026.
Chun tuilleadh eolais a léamh faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil i gCathair na Gaillimhe, tabhair cuairt ar **Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

---

**Gníomh 3.3: Straitéis Aoisbháúil a fhorbairt, lena n-áirítear pleanáil do shochaí aoisbháúil, do phobail nasctha, do scileanna litearthachta digití, d'oideasú sóisialta, d'aoiseachas agus do shláinte agus folláine.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Choimisiúnaigh Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe HUB Planning i mí Feabhra 2025 chun an dara Straitéis Aoisbháúil chomhpháirteach uathu a fhorbairt. Áiríodh sa phróiseas comhairliúchán poiblí forleathan, anailís sonraí, agus ceardlanna pleanála gníomhaíochta le comhpháirtithe inmheánacha agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

I ndiaidh athbhreithniú agus mionchoigeartú arna gcur i gcrích ag an gComhaontas Aoisbhá, ag Comhairle na nDaoine Scothaosta, ag roinnt coistí cathrach agus contae, agus ag ionadaithe

tofa, glacadh leis an Straitéis go foirmiúil i mí na Nollag agus seoladh í go hoifigiúil i mí Eanáir 2026.

Is plean comhordaithe é Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe 2026–2031, arna fhorbairt ag Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, chun an chathair agus an contae a dhéanamh níos cuimsithí, níos tacúla agus níos inrochtana do dhaoine scothaosta. Tá an straitéis dírithe ar shaol laethúil daoine scothaosta a fheabhsú trí spásanna poiblí, iompar, roghanna tithíochta, rannpháirtíocht shóisialta, tacaíochtaí pobail agus rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú. Seoladh an Straitéis i dtús na bliana 2026.

Chun breathnú ar Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe, tabhair cuairt ar **Galway Age Friendly Strategy 2026-2031.pdf**

Nuashonraíodh an tEolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2025 chun faisnéis úsáideach, nuashonraithe a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus dá dteaghlach, dá gcúramóirí agus do sholáthraithe seirbhísí. Is féidir teacht ar an Eolaire ag **Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta i gCathair agus gContae na Gaillimhe.pdf**

Is tionscnamh é an Clár um Thithe a Thacaíonn le hAois Shláintiúil a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine scothaosta, ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil go neamhspleách agus go compordach ina dtithe féin agus iad ag dul in aois. Tá an clár dírithe ar thithe a dhéanamh níos inrochtana, níos sábháilte agus níos sláintiúla trí mhodhnuithe agus feabhsuithe a dhéanamh, amhail teicneolaíochtaí cúnta a shuiteáil, córais téimh níos fearr a chur i bhfeidhm, agus athruithe a dhéanamh ar leagan amach nó ar dhearadh na dtithe. Tá sé mar chuid d'iarracht níos leithne timpeallachtaí atá báúil le haois a chruthú chun tacú le folláine daoine scothaosta, rud a chuireann ar a gcumas maireachtáil ina bpobal i gcónaí chomh fada agus is féidir.

Rinneadh Comhordaitheoir an Chláir um Thithe a Thacaíonn le hAois Shláintiúil do Chathair na Gaillimhe a cheapadh agus tá sé/sí ag glacadh le tarchuir faoi láthair tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas: healthyagefriendlyhomes@meathcoco.ie. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh um Thithe a Thacaíonn le hAois Shláintiúil ag **Healthy Age Friendly Homes Programme | Age Friendly Ireland**

**Gníomh 3.4: A chinntiú go bhfreastalaíonn tacaíochtaí tithíochta ar riachtanais grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

## Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Tá cúig Fhochomhlacht HDSG ag an nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG), in éineacht le gníomhaireachtaí seachtracha barrthábhachtacha, chun réitigh chomhoibríocha a chur chun cinn do dhaoine atá i mbun iarratas a dhéanamh ar thithíocht. Áirítear ar na grúpaí: Fochomhlacht den Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG) um Mhíchumas Fisiciúil agus Céadfach, ar a bhfreastalaíonn GCC, HSE agus IWA; Fochomhlacht HDSG um Mhíchumas Intleachta, ar a bhfreastalaíonn GCC, Brothers of Charity agus Ability West; Fochomhlacht HDSG um Shláinte Mheabhrach, ar a bhfreastalaíonn GCC, Comhordaitheoir Meabhairshláinte HSE agus Sophia Housing; Fochomhlacht HDSG do Leanaí faoi Mhíchumas, ar a bhfreastalaíonn GCC, Obair Shóisialta Cúraim Phríomhúil do Leanaí agus Enable Ireland; agus Fochomhlacht inmheánach HDSG.

Tá an fhoireann comhdhéanta d’fhoireann na Rannóige Tógála Tithíochta, na Rannóige Cothabhála Tithíochta, na foirne Leithdháilte agus na foirne Oibre Sóisialta, a dhéanann athbhreithniú rialta ar an stoc tithíochta agus ar riachtanais daoine ar an Liosta Feithimh Tithíochta a bhfuil riachtanais mhíchumais acu. Ag na Fo-chomhchoistí HDSG seo, tá GCC i mbun torthaí tithíochta a chur chun cinn faoi thionscadail éagsúla, amhail an Tionscadal My Home (Meabhairshláinte) agus an Tionscadal Living My Life (Míchumas Intleachta).

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029, ina leagtar amach spriocanna don chúig bliana atá romhainn maidir le cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil, i mí na Nollag 2024, agus is féidir féachaint air **anseo**.

Tá tuilleadh eolais maidir le cóiríocht don Lucht Siúil ar fáil ag **Cóiríocht don Lucht Siúil | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

Bunaíodh Comhghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil (TIG) Chathair agus Chontae na Gaillimhe in 2024 agus tháinig sé le chéile gach ráithe le linn 2025 agus 2025. Bunaíodh TIG chun feabhas a chur ar staid phobal an Lucht Siúil sa cheantar agus chun tacú le soláthraithe seirbhísí poiblí sa chuspóir sin, trí chomhoibriú a chothú idir gníomhaireachtaí agus páirtithe

leasmhara éagsúla. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa a chinntiú go n-aithnítear agus go dtugtar aghaidh ar riachtanais an phobal an Lucht Siúil ar bhealach comhordaithe agus éifeachtach ar fud réimse iomlán na mbeartas, agus meas á léiriú ar a gcearta, ar a gcultúr agus ar a dtraidisiúin. Tá Plean Gníomhaíochta 2025/2026 comhaontaithe ag an TIG a dhíreofar ar réimsí lena n-áirítear Soláthar Seirbhísí, Beartas Náisiúnta agus Naisc idir gníomhaireachtaí.

**Cuspóir:** Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais agus tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bpobal atá thíos le heisiamh.

**Gníomh 3.5: Cláir Oiliúna Ceannaireachta Pobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as cur chuige oideachais phobail ar fud pobail spriocdhírithe.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** GRETB

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Léirítear in obair cheannaireachta pobail GRETB le linn 2024 agus 2025 béim leanúnach ar scileanna, muinín agus cumas eagraíochtúil a neartú laistigh de ghrúpaí pobail, fiontair shóisialta agus ceannairí nua i gCathair na Gaillimhe. I gcaitheamh an dá bhliain, d'oibrigh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe i ndlúthchomhar le GRETB lena chinntiú go raibh na cláir inrochtana do ghrúpaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus ailínithe le riachtanais áitiúla.

In 2024, chuir GRETB raon cuimsitheach cúrsaí Ceannaireachta Pobail ar fáil, lena n-áirítear Bainistiú Airgeadais do Ghrúpaí Pobail agus Óige, Scileanna Coiste, Pleanáil Gníomhaíochta Pobail, Bainistíocht Coimhlinte, Saoránacht Ghníomhach, agus Iarratais ar Mhaoiniú. Leathnaíodh tacaíochtaí spriocdhírithe do Dhaoine Nua atá Tagtha trí dhá cheardlann shaincheaptha do 24 rannpháirtí, lena n-áirítear róil choiste, rialachas, iarratais ar mhaoiniú, cumarsáid, agus na meáin shóisialta. Áiríodh le tógáil acmhainneachta bhreise Oiliúint Gharchabhrach a cuireadh ar fáil i gcomhar le Crois Dhearg na hÉireann do 10 n-oibrí deonach atá gníomhach in eagraíochtaí pobail.

In 2025, lean GRETB i mbun a chroíchláir cheannaireachta a chur ar fáil, chun tacaíocht láidir a choinneáil ag imeacht do dhaoine aonair agus do ghrúpaí atá ag glacadh róil cheannaireachta. Cuireadh ceardlanna treorach agus faisnéise ar fáil do ghrúpaí a bhí i mbun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Oideachais Phobail agus REACH, rud a chabhraigh le cáilíocht na n-iarratas a neartú. Tugadh isteach clár nua ar líne maidir le hinbhuanaitheacht agus an pobal

freisin, chun deiseanna foghlama a leathnú agus gníomhú i leith tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn laistigh den earnáil.

I dteannta a chéile, le cláir 2024 agus 2025, neartaíodh rialachas, ceannaireacht agus cumas eagraíochtúil ar fud thírdhreach pobail Chathair na Gaillimhe, rud a chuir ar chumas grúpaí seanbhunaithe agus baill nua den phobal páirt a ghlacadh i bhforbairt áitiúil ar bhealach níos muiníní agus níos éifeachtaí.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
**https://gretb.ie/ga/further-education-training/community-education/**

---

**Gníomh 3.6: Deiseanna oideachais phobail a chur ar fáil i gcomhpháirt le grúpaí pobail mar chéad chéim ar ais chuig an oideachas**

**Príomh-Chomhpháirtí:** GRETB

**Stádas**: Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Léirítear le hobair oideachais phobail GRETB le linn 2024 agus 2025 fás seasta i ndeiseanna foghlama inrochtana, comhoibriú láidir le comhpháirtithe pobail, agus tacaíocht leanúnach do ghrúpaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste i gCathair na Gaillimhe. Bhí ról comhsheasmhach ag Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe maidir le baill an phobail a nascadh le cláir GRETB.

Le linn an dá bhliain, leathnaigh GRETB go suntasach an fhoghlaim phobalbhunaithe:

- 2024: Seachadadh 74 clár san iomlán ar fud Chathair na Gaillimhe, agus fuair 39 grúpa pobail Deontais Oideachais Phobail chun cláir a reáchtáil bunaithe ar riachtanais áitiúla a aithníodh.
- 2025: Seachadadh 81 clár san iomlán ar fud Chathair na Gaillimhe, agus fuair 35 grúpa deontais Oideachais Phobail chun cláir a reáchtáil bunaithe ar riachtanais.

Sa dá bhliain freisin, chuir GRETB 75 clár breise ar fáil i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile, rud a neartaigh comhoibriú agus a leathnaigh rochtain ar dheiseanna foghlama.

Lean an Ciste Oideachais Phobail – REACH de ról tábhachtach a imirt maidir le cur ar chumas grúpaí pobail a dtimpeallachtaí foghlama a fheabhsú:

- Tacaíodh le 12 ghrúpa in 2024 chun trealamh agus ábhair riachtanacha a cheannach.
- Tacaíodh le 12 ghrúpa in 2025, rud a chinntigh leanúnachas infheistíochta i spásanna foghlama pobail.

Thacaigh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe le hobair GRETB thar an dá bhliain trí níos mó ná 50 ball de ghrúpaí pobail a threorú agus a tharchur chuig deiseanna oideachais agus oiliúna GRETB.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
https://gretb.ie/ga/further-education-training/community-education/

**Gníomh 3.7: Béarla a sholáthar do Chainteoirí Teangacha Eile ar foghlaimeoirí iad, mar aon le Suaitheantais Dhigiteacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí ESOL ar leibhéal íseal.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** GRETB

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

In 2024, lean soláthar an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile de ról lárnach a imirt chun tacú le comhtháthú imirceach agus aonrú shóisialta a laghdú. Chuir Seirbhís Oideachais Bhunúsach do Dhaoine Fásta GRETB teagasc saor in aisce ar fáil i litearthacht, uimhearthacht, scileanna digiteacha, ESOL, Foghlaim Teaghlaigh agus cláir Scileanna don Obair. Chuir Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe ranganna ESOL ar fáil do 210 foghlaimeoir, agus bhí thart ar 100 duine ar liosta feithimh, rud atá ina léiriú ar éileamh láidir. Le linn na bliana, bhain breis agus 400 duine leas as teagasc agus tacaíochtaí.

Áiríodh leis an soláthar 28 uair an chloig de theagasc ESOL sa seomra ranga in aghaidh na seachtaine, ag clúdach gach leibhéal ó réamh-thosaitheoirí go hardleibhéal. Thacaigh Oifigeach Tionscadail SICAP, teagascóir GRETB, rannpháirtí Tús agus triúr oibrithe deonacha cáilithe leis an seachadadh. Dhírigh Cás-Staidéar SICAP 2024 ar thacaíochtaí ESOL do dhaoine nuathagtha, ar léiriú é sin ar thionchar na foghlama teanga inrochtana. Is féidir físeán YouTube den chás-staidéar a fháil anseo.

In 2025, thug GRETB tús áite i gcónaí d'inniúlacht sa Bhéarla mar phríomhghné i dtaca le comhtháthú imirceach agus i dtaca le rochtain a bheith ar oideachas agus ar fhostaíocht. Chuir Seirbhís Oideachais Bhunúsach do Dhaoine Fásta GRETB teagasc saor in aisce ar fáil i litearthacht, uimhearthacht, scileanna digiteacha, ESOL, Foghlaim Teaghlaigh agus cláir Scileanna don Obair. Seachadadh ranganna ESOL i suíomhanna pobail éagsúla, sa Bhaile Bán, i gCnoc na Cathrach, i Mervue, sa Taobh Thiar agus sa phríomhionad Oideachais Bhunúsach do Dhaoine Fásta (ABE) ar Shráid na nDuganna. Bhain an soláthar le gach leibhéal, lena n-áirítear foghlaimeoirí réamhlitearthachta, ag tacú le daoine gan litearthacht trína gcéad teanga. Tá Suaitheantais Dhigiteacha á bhforbairt, agus tá roinnt foghlaimeoirí anois ag cur cláir QQI i gcrích ag Leibhéal 1 agus 2.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
**https://gretb.ie/ga/further-education-training/community-education/**

**Gníomh 3.8: Rochtain bhreise ar oideachas agus ar oiliúint scileanna a chur ar fáil chun tacú le pobail imeallaithe dul chun cinn a dhéanamh i dtreo obair fhiúntach atá curtha in oiriúint do thaithí agus/nó riachtanais roimhe seo**

**Príomh-Chomhpháirtí:** GRETB

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Chuir Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe raon leathan deiseanna oideachais ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine tearcfhostiathe in 2024 agus 2025, ag obair go dlúth le roinnt soláthraithe áitiúla oideachais agus fostaíochta, amhail Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB), an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Coláiste Pobail na Gaillimhe (GCC), agus an Líonra Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla (LESN).

Faoin gClár SICAP, ghlac 136 duine sa bhliain 2024 agus 97 duine sa bhliain 2025 páirt i gcúrsaí Foghlama ar feadh an tSaoil, lena n-áirítear réimse cúrsaí Oiliúna sa Mhargadh Saothair agus cúrsaí breisoideachais creidiúnaithe.

Seo a leanas na cúrsaí ar ghlac daoine ó phobail imeallaithe páirt iontu le linn 2024 agus 2025:

- 9 Láimhsiú
- 3 Barista le HACCP (45 duine);
- 2 Freagróir Garchabhrach

- 1 Cúrsa Slándála (12 duine);
- 3 Pas Sábháilte
- 1 Ceardlann Féinfhostaíochta (15 duine);
- 1 Cuir Tús le do Ghnó Féin (15 duine);
- Scéim Iasachta Ríomhairí Glúine le maoiniú Chiste REACH GRETB le go mbeadh fáil ar oideachas agus ar fhoghlaim ar líne.

Chuir Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus GRETB ranganna Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) ar fáil chun tacú le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo obair fhiúntach agus chun cabhrú le comhtháthú sa phobal.

Cuireann Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe Clár Fóirdheontais Cúram Leanaí an DCEDIY chun cinn do thuismitheoirí atá ag filleadh ar an scoil nó ar an obair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gclár agus faoi mar is féidir hiarratas a dhéanamh ag **Galway Childcare Committee CCSU**

**Gníomh 3.9: Obair dheonach a chur chun cinn i gcónaí mar bhealach do dhaoine aonair scileanna, taithí agus muinín a fháil**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Léirítear i ngníomhaíocht Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe (GVC) le linn 2024 agus 2025 méadú leanúnach san obair dheonach, rannpháirtíocht láidir le pobail nua, agus tacaíochtaí leathnaithe d'eagraíochtaí, ina bhfuil bonn oibrithe deonacha atá ag éirí níos éagsúla agus níos gníomhaí ar fud na cathrach.

In 2024, chláraigh GVC 846 oibrí deonach nua agus d'fhógair siad 200 ról, le tacaíocht ó fheachtais earcaíochta spriocdhírithe sa Bhaile Bán, sa Taobh Thiar agus i mBaile an Phoill, chomh maith le hAonach Earcaíochta mór ar fud na cathrach a mheall 1,500 duine agus 50 eagraíocht, rud a ghin 2,448 iarratas chun tabhairt faoi obair dheonach. Ba as tíortha lasmuigh d'Éirinn 65% de na clárúcháin nua, le hionadaíocht á déanamh ar 74 náisiúntacht, agus mná ab ea 65% díobh sin. Bhí grinnfhiosrúchán ina chroíseirbhís i gcónaí, agus rinneadh grinnfhiosrúchán ar 785 oibrí deonach do 75 eagraíocht. Thacaigh clár na nOibrithe Deonacha Pobail le 29 imeacht, agus mar gheall ar mhaoiniú ó LCDC, bhíothas in ann 10 gceardlann ar

líne a reáchtáil maidir le bainistíocht eagraíochtúil. Sheol GVC clár Ambasadóirí Sráide freisin agus thacaigh siad le mórimeachtaí lena n-áirítear Lá Fhéile Pádraig, Oíche Chultúir agus Lá na hAfraice.

In 2025, lean GVC dá thionchar a leathnú, agus 891 cónaitheoir nua á gclárú i gCathair na Gaillimhe, lenar méadaíodh líon iomlán na n-oibrithe deonacha go níos mó ná 6,000 duine, arb ionann sin agus 85 náisiúntacht. Fógraíodh 270 ról san iomlán d'oibrithe deonacha in eagraíochtaí, ó ghrúpaí beaga pobail go carthanais náisiúnta.

Bhí an clár na nOibrithe Deonacha Pobail láidir i gcónaí, agus 250 oibrí deonach ag tacú le 26 imeacht, lena n-áirítear Oíche Chultúir, Lá Fhéile Pádraig, Cruinniú na nÓg agus Gradaim an Mhéara. Bhí an 43 Ambasadóir Sráide de chuid na Gaillimhe gníomhach i rith an tsamhraidh, agus fuair GVC Gradam Mhéara Chathair na Gaillimhe sa chatagóir Ealaíon, Cultúir, Oidhreachta agus Cúrsaí Gaeilge.

Lean oiliúint agus forbairt acmhainne trí 10 gceardlann ar líne arna maoiniú ag LCDC, ar fhreastail 62 rannpháirtí ó 36 eagraíocht orthu, mar aon le ceardlanna um oibrithe deonacha a bhainistiú a cuireadh ar fáil i gcomhar le GCCN.

Rinne GVC grinnfhiosrúchán ar 623 iarratasóir ar son 67 eagraíocht agus chuir siad oiliúint ar fáil ar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin nuashonraithe. Leathnaíodh tuilleadh tacaíochtaí do phobail nua, lena n-áirítear ranganna Béarla chun muinín a chothú, ceardlanna scileanna comhbhá agus maidineacha comhrá.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair GVC taispeántas grianghrafadóireachta arna mhaoiniú ag Éire Ildánach, In Our Eyes, atá sceidealaithe le dul ar camchuairt in 2026, agus chomhoibrigh siad le Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairle Cathrach na Gaillimhe chun an chéad Aonach Gníomhaíochta Aeráide a sheachadadh le linn Fhéile Inspioráidí Aeráide Chathair na Gaillimhe. Le linn an Collaboration Café i mí na Bealtaine, tugadh ionadaithe ón bpobal, ón stát agus ón earnáil ghnó le chéile d'fhonn bealaí níos éifeachtaí a fhiosrú chun oibriú i gcomhar lena chéile ar mhaithe le saoránaigh na Gaillimhe. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Volunteer Ireland: National Volunteer Organisation**

**Cuspóir:** Cuir chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn i dtreo inrochtaineachta agus seirbhísí agus an luach a chuireann an éagsúlacht sin ar fáil don chathair a aithint agus a chur chun feabhais.

**Gníomh 3.10: Tacú le himeachtaí agus cláir idirchultúrtha do phobail imirceacha agus do phobail nua**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Seirbhís Tacaíochta Comhtháthaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe / Cathair Shláintiúil na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

## Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Is imeacht bliantúil é Lá na hAfraice i gCathair na Gaillimhe ar a ndéantar comóradh ar Lá Saoirse na hAfraice, an 25 Bealtaine, agus ar a leagtar béim ar shaibhreas éagsúlacht chultúrtha agus ar rannchuidiú náisiúin agus pobail na hAfraice. Tá sé mar chuid de cheiliúradh níos leithne Lá na hAfraice a reáchtáiltear ar fud na hÉireann, agus a eagraíonn Cúnamh Éireann i gcomhar le pobail agus eagraíochtaí áitiúla.

Is féile bhríomhar é ceiliúradh Lá na hAfraice i gCathair na Gaillimhe ina gcuirtear cultúr, ceol, damhsa, bia agus ealaíona na hAfraice i láthair. Tá sé mar aidhm leis an imeacht tuiscint a chur chun cinn, braistint na haontachta a chothú agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhiaspóra éagsúil na hAfraice i nGaillimh agus níos faide i gcéin.

Áirítear ar na heispéiris taibhithe ceoil agus damhsa traidisiúnta na hAfraice, taispeántais agus léirithe cultúrtha, blaiseadh de bhia na hAfraice, ceardlanna, díospóireachtaí agus seisiúin scéalaíochta.

Chomh maith leis na hócáidí ceiliúrtha cultúrtha, tugann Lá na hAfraice i gCathair na Gaillimhe deis freisin feasacht a mhúscailt faoi phríomhcheisteanna sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha a mbíonn tionchar acu ar thíortha na hAfraice, chomh maith le béim a leagan ar an rannchuidiú a dhéanann inimircigh Afracacha le saibhreas cultúrtha na hÉireann. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú €15,000 ar fáil do ghrúpaí pobail chun imeachtaí Lá na hAfraice a reáchtáil in 2024, agus €13,500 in 2025.

Déanann Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, le tacaíocht ó SICAP, tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí agus cláir idirchultúrtha éagsúla do phobail imirceacha agus do phobail nua, lena n-áirítear:

- Comhoibriú le Fondúireacht Marie Keating chun faisnéis sláinte maidir le hailse cíche, ailse ceirbheacs agus ailse próstataigh a aistriú agus a scaipeadh ar phobal na hÚcráine.
- Scagthástálacha spriocdhírithe sláinte croí do Thairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTPs) agus d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS), i gcomhpháirtíocht leis an gCarthanas Croí agus Stróc, Croí.
- Slógadh Dlúthpháirtíochta agus dhá chruinniú phoiblí maidir le dul i ngleic le ciníochas agus leithcheal, i gcomhar le Pobail na Gaillimhe i gcoinne Ciníochais agus Leithcheala (GCARD), Westside Welcomes All agus Eastside Welcomes All.
- Laethanta Pobail agus Imeachtaí Cultúrtha chun fáilte a chur roimh Dhaoine Nua atá Tagtha sa Taobh Thiar agus sa Taobh Thoir.
- Rannpháirtíocht i bhFéile Ealaíon an Taoibh Thiar ina leagtar béim ar éagsúlacht agus ar chultúir éagsúla a thabhairt isteach sa bhféile.

**Gníomh 3.11: Tionscadail an Chiste Aitheantais Pobail a sheachadadh agus imeascadh níos fearr a spreagadh idir pobail atá ann cheana agus pobail nua**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Tá an Ciste Aitheantais Pobail (CAP) dírithe ar bhonn a chur faoi fhorfheabhsú ar ghnéithe bonneagair agus ar áiseanna pobail ar fud na tíre, le haird ar an tairbhe shuntasach atá déanta ag pobal na gcomharsanachtaí ag fáiltiú roimh dhaoine agus teaghlaigh as an Úcráin agus as tíortha eile agus ag cóiriú dóibh.
Tá an Ciste dírithe ar thionscadail atá lonnaithe i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil Tairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTP) nó Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.
Is é aidhm an CRF tacú le forbairt saoráidí a rachaidh chun tairbhe don phobal ar fad san fhadtéarma.

Maidir le CRF don bhliain 2023, a cuireadh i gcrích in R4 den bhliain 2024, leithdháileadh €1,816,320 ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus cuireadh 16 thionscadal i gcrích ar fud

Chathair na Gaillimhe faoin gclár. I measc na bpríomhthionscnamh tá uasghrádú ar Leisureland, bonneagar soláthair cumhachta a shuiteáil chun tacú le himeachtaí pobail, feabhsuithe inrochtaineachta do ghnólachtaí áitiúla, feabhsuithe soilsithe, agus uasghrádú ar shaoráidí pobail mar sheomraí feistis agus páirceanna cluichí ilúsáide.

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe leithdháileadh €1,617,752 don CRF 2024 sa bhliain 2024. Tá na tionscadail scaipthe ar fud na cathrach chun an tairbhe agus an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach agus tá sé i gceist iad a sheachadadh le linn 2025 agus 2026.

Ceadaíodh 19 dtionscadal faoi CAP 2024, agus dáileadh iad thar thrí thréimhse mhaoinithe: €936,693 do 11 thionscadal i mí Lúnasa 2024, €290,735 do 2 thionscadal i mí Feabhra 2025, agus €390,325 do 6 thionscadal i mí an Mheithimh 2025.

Dhírigh an babhta maoinithe deiridh go sonrach ar an taobh Thoir de Chathair na Gaillimhe chun infheistíocht chothrom a bhaint amach ar fud na cathrach. I measc na dtionscadal a cuireadh ar fáil le linn 2025 bhí uasghrádú soilsithe, feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar áiseanna pobail, ceannach feithiclí pobail, athchóiriú clubanna áitiúla agus áiseanna spóirt, agus feabhsúcháin ar chlóis scoile.

Ní mór na tionscadail atá fágtha a bheith críochnaithe faoi Dheireadh Fómhair na bliana 2026.

**Gníomh 3.12: Tacaíochta a chomhordú agus a sheachadadh do Thairbhithe de Chosaint Shealadach ón Úcráin**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Bunaíodh Foireann Comhtháthaithe Údaráis Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LAIT) i dtús na bliana 2024 chun tacú le daoine a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu, le dídeanaithe, le daoine a bhfuil Cosaint Choimhdeach nó Cead Fanachta acu, le Dídeanaithe Cláir, agus le Tairbhithe de Chosaint Shealadach. Ciallaíonn lánpháirtiú cabhrú le daoine a bhog go tír nua go n-aireoidís ar a suaimhneas anseo fad a gcoinníonn siad a bhféiniúlacht agus a gcultúr féin ag an am céanna.

Tá an fhoireann—atá comhdhéanta de Chomhordaitheoir Tacaíochta Comhtháthaithe, de bheirt Oibrithe Tacaíochta Comhtháthaithe agus d'Oibrí Fhóram Comhtháthaithe Pobail—ag obair chun cabhrú le daoine nuathagtha braistint chómhuintearais a fhorbairt agus a bhféiniúlacht agus a gcultúr a chaomhnú ag an am céanna. Áirítear ar an tacaíocht sin rochtain ar theidlíochtaí leasa éagsúla, forbairt teanga, treoshuíomh cultúrtha, dul i mbun fostaíochta, oideachais agus oiliúna.

Chomh maith leis sin, chuir beirt Oibrithe Tacaíochta Úcránacha ó Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe tacaíochtaí spriocdhírithe ar fáil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus d'eagraíochtaí pobail ón Úcráin, lena n-áirítear UA Mriya, UHUG, Kalyna agus an Harmony Choir. Cuireadh cóiríocht ar fáil do bhreis agus 105 duine díláithrithe ón Úcráin trí 28 maoin faoin tionscnamh "Offer a Home", le tacaíocht ó sheisiúin faisnéise míosúla i gcomhpháirtíocht le Crois Dhearg na hÉireann.

In 2024, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LCDC), riaradh ar an gCiste Aitheantais Pobail 2024 chun aitheantas a thabhairt don iarracht mhór a rinne pobail áitiúla fáilte a chur roimh dhaoine nuathagtha ón Úcráin agus ó thíortha eile atá ag teacht go hÉirinn agus tacú leo.

Baineadh úsáid as ciste iomlán €1,702,897, agus infheistíodh é go sonrach i gceantair timpeall na cathrach ina bhfuil an leibhéal is airde de dhaoine nuathagtha lonnaithe.

---

**Gníomh 3.13: Feasacht a mhéadú ar thaithí an phobail LADTI+ agus tacú le cláir chun ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú**

**Príomh-Chomhpháirtí:** AMACH! LADTI+

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

AMACH! Oibríonn LADTI+ chun ionchuimsiú a chur chun cinn, cearta a chosaint agus folláine daoine LADTI+ i nGaillimh a fheabhsú. In 2023, fuair an eagraíocht maoiniú trí LCDC Chathair na Gaillimhe, agus cuireadh síneadh ama leis chomh fada le mí na Nollag 2026. Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (DRCDG) maoiniú a chur ar fáil faoin gClár Forbartha Pobail do AMACH! chun áitreabh a fháil chun Ionad Acmhainní LADTI+ 'Teach Solais' a athbhunú.

Tá Teach Solais anois ina lárionad tábhachtach do dhaoine óga LADTI+, agus tá Obair d'Ógra Éireann i mbun úsáid a bhaint as an spás do ghrúpaí suas go 18 mbliana d'aois. Leathnaigh AMACH! a ghníomhaíochtaí cultúrtha agus pobail freisin, agus a chéad cheiliúradh Lá na hAfraice á reáchtáil in 2025 agus tacaíocht á tabhairt d'imeachtaí Bhród Phobail na Gaillimhe. Reáchtáladh tionscnaimh chomhoibríocha sláinte agus folláine i gcomhar le Sláinte Ghnéis an Iarthair, Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe agus Cope Gaillimh, lena n-áirítear mearthástáil HIV, ceardlanna agus cainteanna feasachta.

Neartaíodh forbairt oibrithe deonacha agus foirne trí shraith chuimsitheach oiliúna i réimsí amhail ceannaireacht óige, piarthacaíocht, scileanna meán agus sláinte agus sábháilteacht. Chomh maith leis sin, d'oibrigh AMACH! le réimse grúpaí chun gníomhú i leith ceisteanna atá ag teacht chun cinn, trí thacú le tionscnaimh amhail an Galway Community Resistance, an Trans Collective Action Group, agus tacaíochtaí piar-threoraithe do dhaoine LADTI+ i Soláthar Díreach.

Tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht an phobail in 2025, trí ghrúpaí sóisialta piar-threoraithe nua agus gníomhaíochtaí folláine nua. Chomhoibrigh AMACH! le Tionscadal Óige LADTI+ ShOUT chun grúpa óige 18–24 a reáchtáil, d'fhonn leanúnachas a sholáthar do dhaoine óga atá ag aistriú amach as seirbhísí óige. Chomh maith leis sin, thacaigh sé le Obair d'Ógra Éireann chun grúpa míosúil a chur ar fáil do thuismitheoirí daoine óga LADTI+, d'fhonn cuidiú le timpeallachtaí baile níos sábháilte a chruthú.

Lean AMACH! i mbun a thionchar a leathnú trí thionscnaimh amhail an Visibility Café in GTI, imeachtaí folláine rialta, agus tacaíocht don fhoireann bhogliathróide LADTI+ Galway Gulls, a thug faoi thraenáil faoi dhíon an athuair i ndeireadh na bliana 2025. Tá na gníomhaíochtaí éagsúla seo ina léiriú dhá bhliain inar tharla fás suntasach agus inar cuireadh tacaíochtaí neartaithe ar fáil do phobail.

**Cuspóir:** Tiomantas do chearta an duine, comhionannas, comhtháthú agus frith-idirdhealú a léiriú, i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine

**Gníomh 3.14: Seirbhís Tacaíochta Lánpháirtithe Chathair na Gaillimhe (ISS) a bhunú chun tacaíochtaí a chomhordú d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do Dhídeanaithe Cláir agus do Thairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTP).**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Foireann Tacaíochta Lánpháirtithe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Bunaíodh Foireann Lánpháirtithe Údaráis Áitiúla Chathair na Gaillimhe (LAIT) i R1 2024 a raibh Comhordaitheoir Tacaíochta Lánpháirtithe agus Beirt Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtithe inti. Cuireadh Oibrí Fóram Lánpháirtithe Pobail leis an bhfoireann le déanaí freisin.

Tacaíonn an LAIT le daoine ar iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta iad, leo siúd a bhfuil stádas Dídeanaithe acu, leo siúd a bhfuil Cosaint Choimhdeach nó stádas Cead Fanachta acu, le Dídeanaithe Cláir, Tairbhithe Cosanta Sealadaí agus Mionaoisigh Neamhthionlactha.

Treoraíonn Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtithe LAIT daoine chuig na seirbhísí a theastaíonn uathu chun iad a lánpháirtiú sa phobal. Tá an fhoireann nasctha le seirbhísí ábhartha ar fud na cathrach agus tugann sí cuairt ar Ionaid Chóiríochta IPAS uair sa gcoicís chun na tacaíochtaí a theastaíonn ó chónaitheoirí a aithint. Áirítear leis seo seisiúin faisnéise grúpa bunaithe ar riachtanais a reáchtáil, chomh maith le clinicí duine le duine ar fud 19 láthair ar fud na cathrach chun riachtanais shonracha tacaíochta na ndaoine a thuiscint.

Éascaíonn Oibrí Fóram Lánpháirtithe Pobail LAIT cruinnithe fóram sé huaire sa bhliain. Tugann an t-oibrí ionadaithe ó phríomhsheirbhísí agus ó phríomhghníomhaireachtaí le chéile chun faisnéis a mhalartú, chun riachtanais atá ag teacht chun cinn don ghrúpa cliant a phlé, chun béim a leagan ar bhacainní nó ar shaincheisteanna a dteastaíonn aird uathu, agus chun fadhbanna a réiteach mar ghrúpa chomhchoiteann. Tá taispeántas frithchiníochais á éascú ag LAIT atá ar camchuairt faoi láthair – is éard atá i dtaispeántas SALAAM ná sraith de scéalta cartúin a thaispeántar i nGaeilge agus i mBéarla. Seoladh an taispeántas i mí an Mhárta. Reáchtálann LAIT 'Tionscnamh Oiliúna Oscailte' bliantúil freisin ina gcuirtear fáilte roimh ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus eagraíochtaí comhpháirtíochta teacht isteach i Halla na Cathrach chun páirt a ghlacadh i sraith seisiún oiliúna chun feabhas a chur ar a gcuid eolais agus scileanna i dtaobh a bheith ag obair le hiarrthóirí tearmainn.

Bunaíodh Fóram Lánpháirtithe Pobail Chathair na Gaillimhe agus tagann sé le chéile gach dara mí, ina dtugtar 20 comhalta le chéile chun saincheisteanna a bhaineann leis an spriocghrúpa a phlé, dea-chleachtais a chur chun suntais agus dul i ngleic le dúshláin.

**Gníomh 3.15: Gníomhartha ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais 2023–2027 a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Is tionscnamh pobail é Tionscadal an Droichid (The Bridge Project) i gCathair na Gaillimhe atá dírithe ar ionchuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht agus tacaíocht a chothú do ghrúpaí imeallaithe, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine ó chúlraí imirceacha, ar dhídeanaithe agus ar iarrthóirí tearmainn.

Cuidíonn an tionscadal le pobail comhtháthú isteach i gCathair na Gaillimhe trí raon seirbhísí a chur ar fáil, amhail tacaíocht teanga, cláir oideachais, gníomhaíochtaí sóisialta, agus comhairle maidir le cúrsaí dlíthiúla nó praiticiúla. Is iad cuspóirí an tionscadail ná Comhtháthú agus Cumasú, Seirbhísí Tacaíochta, agus Tógáil Pobail. Áirítear leis na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí Tacaíocht Teanga, Imeachtaí Sóisialta agus Líonrú, agus Comhairle Phraiticiúil.

Tá ról ríthábhachtach ag Tionscadal an Droichid maidir le Cathair na Gaillimhe a dhéanamh níos ionchuimsithí agus níos fáiltí do dhaoine nuathagtha, agus cuidíonn sé le braistint níos láidre pobail a chothú. Cuireadh tús le hoibríochtaí Tionscadal an Droichid i gCathair na Gaillimhe an athuair i mí Mheán Fómhair 2024.

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt i gcomhghuaillíocht i gcoinne feachtas feasachta fuatha frith-Mhuslamach i gcomhar le Sustainable Alliances Against Anti-Muslim Hatred (SALAAM), a thosaigh i mí na Nollag 2024. Taispeánadh sraith íomhánna i stíl chartúin a bhí dírithe ar phobal na Moslamach i Halla na Cathrach chun an cheist a chur chun suntais. Thaispeáin LAIT agus Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe taispeántas SALAAM le linn na bliana freisin, chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'fheasacht agus do rannpháirtíocht idirchultúrtha ar fud na cathrach.

Sa bhliain 2025, cuireadh Straitéis Frithchiníochais agus Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe i gcrích agus, ó Mhárta 2026, tá sí ag fanacht le priontáil i láthair na huaire. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tar éis a ballraíocht i Líonra na gCathracha Idirchultúrtha a athghníomhachtú freisin agus chuir sí roinnt babhtaí aiseolais ar fáil le linn fhorbairt na straitéise.

**Gníomh 3.16: Ceardlanna oiliúna agus feasachta a chur ar fáil do bhaill foirne agus ionadaithe poiblí maidir le cearta an duine, comhionannas agus frith-idirdhealú**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun grúpa oibre maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a bhunú, ina mbeidh Curaidh an Dualgais Earnála Poiblí ó gach Roinn.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe (CCG) tiomanta don dualgas maidir le comhionannas agus cearta an duine a chur i bhfeidhm go leanúnach. Agus amhlaidh á dhéanamh aici, díreoidh an Chomhairle go soiléir, comhtháiteach agus comhsheasmhach ar chomhionannas agus ar chearta an duine a leabú sna hoibríochtaí uile ar fud na bhfeidhmeanna go léir.
Tá Ráiteas Luachanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine forbartha ag CCG lena cur chuige i leith an Dualgais a chur le chéile agus a thagarmharcáil.

---

**Gníomh 3.17: Aird a thabhairt ar bheartais chomhionannais agus éagsúlachta nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar Phleananna agus beartais tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm fad a bhí Plean Corparáideach 2024 - 2029 á ullmhú agus tá sí tiomanta dá chur i bhfeidhm leanúnach. Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe a uaillmhian i

Ieith an Dualgais a leagan amach agus a cur chuige a thagarmharcáil bunaithe ar na luachanna seo a leanas: dínit, féinriar, rannpháirtíocht, ionchuimsiú, ceartas sóisialta, agus ceartas comhshaoil.

Is ar an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach atá an fhreagracht iomlán as cur i bhfeidhm an Dualgais a chur chun cinn. Tá an measúnú ar Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí ar fáil go poiblí i dtuarascáil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe **Measúnú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí.pdf**

Agus úsáid á baint as an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na tionscnaimh spriocdhírithe seo a leanas i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine trí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm: Straitéis Aoisbháúil na Cathrach; Straitéis Lánpháirtíochta atá le forbairt; Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026; Plean Cóiríochta don Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe 2025-2029; Plean Réigiúnach Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean 2025-2027.

Agus an Plean Corparáideach á ullmhú, shainaithin Comhairle Cathrach na Gaillimhe ocht saincheist uileghabhálacha chomhionannais agus chearta an duine a raibh tús áite le tabhairt dóibh. Aithnítear sa Phlean Cur Chun Feidhme an cur chuige atá le glacadh chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna ábhartha maidir le comhionannas agus cearta an duine, ag tráthanna tábhachtacha, go háirithe Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí na Comhairle a ullmhú agus na pleananna, na beartais, na straitéisí agus na cláir a eascraíonn as na pleananna seirbhísí bliantúla sin a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcoitinne
**Dualgas na hEarnála Poibli a Chur i bhFeidhm.pdf**

Rinneadh measúnú ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025–2029 á dhréachtú. Tugadh faoin bpróiseas céanna freisin don dréachtphlean Réigiúnach Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean 2025 - 2027 agus do straitéisí eile san Aonad um Fhorbairt Shóisialta.

# Sprioc Ardleibhéil 4: Cathair Inbhuanaithe Athléimneach



# Sprioc Ardleibhéil 4: Cathair Inbhuanaithe Athléimneach

**Cuspóir:** A chinntiú go mbeadh ár gcathair agus ár mbonneagar athléimneach agus inoiriúnaithe d'aeráid atá ag athrú

**Gníomh 4.1: Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide do Chathair na Gaillimhe a fhorbairt agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

In 2024, thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe céimeanna móra chun tosaigh chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, ag tosú le glacadh foirmiúil le Plean Gníomhaithe ar sona na hAeráide Chathair na Gaillimhe (CAP) 2024–2029 i mí Feabhra 2024. Leagtar amach sa phlean cuimsitheach cúig bliana seo creat soiléir i gcomhair maolaithe agus oiriúnaithe araon, d'fhonn Gaillimh a threorú chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus chun conair fhadtéarmach i dtreo neodracht aeráide a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Éacht bunúsach laistigh de chur i bhfeidhm luath an phlean ná fardal bunlíne astaíochtaí a fhorbairt, chun an bonn fianaise a bhí riachtanach chun KPIanna a shainiú a bhunú, dul chun cinn a thomhas, agus iarrachtaí laghdaithe astaíochtaí a threorú in earnálacha barrthábhachtacha. Ullmhaíodh measúnú riosca aeráide freisin, inar aithníodh leochaileachtaí áitiúla - lena n-áirítear tuilte, stoirmeacha, brúnna cósta agus teochtaí foircneacha - agus inar cuireadh bonn eolais faoi phleanáil atá dírithe ar athléimneacht in oibríochtaí na Comhairle i mbonneagar pobail.

Le linn 2024, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe raon leathan tionscnamh chun cinn a bhí ailínithe leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP). Áiríodh leis seo uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fud foirgneamh poiblí, athchóiriú ar stoc tithíochta níos sine, agus tacaíocht spriocdhírithe d'eagraíochtaí pobail agus do chlubanna spóirt chun úsáid fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú. Léiríodh i bhfeabhsuithe ar shaoráidí cathartha dul chun cinn intomhaiste maidir leis an éileamh fuinnimh agus astaíochtaí carbóin oibríochtúla a laghdú.

Bhí soghluaisteacht inbhuanaithe ina colún lárnach i gcónaí i ndáil le seachadadh aeráide, agus infheistíocht leanúnach á déanamh i mbonneagar taistil ghníomhaigh, líonraí rothaíochta a leathnú, agus tacaíocht d'úsáid feithiclí leictreacha a mhéadú. Comhlánaíonn na feabhsuithe seo bearta níos leithne atá dírithe ar astaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú agus ar ghluaiseacht níos glaine agus níos inrochtana a chothú ar fud na cathrach.

Leanadh le dul chun cinn suntasach freisin laistigh de Chrios Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe (An Taobh Thiar). Chuaigh an plean feidhmithe chun cinn trí thionscadail faoi stiúir an phobail, monatóireacht chomhshaoil, gníomhartha éifeachtúlachta fuinnimh, agus tionscnaimh feasachta. D'fheidhmigh an crios freisin mar shaoráid tástála do chur chuige nuálacha, lena n-áirítear tionscadail eolaíochta pobail chruthaitheacha ar nós The Air We Share, lenar neartaíodh rannpháirtíocht saoránach agus litearthacht aeráide. Leanann obair laistigh den Chrios Dícharbónaithe (DZ) de chur le cur chuige ar fud na cathrach maidir le laghdú astaíochtaí, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus athléimneacht aeráide.

Neartaítear ceannaireacht gníomhaithe aeráide na Gaillimhe tuilleadh trína rannpháirtíocht i mórthionscnaimh Eorpacha, lena n-áirítear NetZero Cities agus Misean an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Trí na comhpháirtíochtaí seo, tacaítear le malartú eolais, nuálaíocht agus forbairt acmhainne, chun cabhrú le Gaillimh gníomhú ar son na haeráide agus claochlú digiteach a leabú i bpleanáil straitéiseach, rannpháirtíocht an phobail agus seachadadh bonneagair.

Chun comhoibriú réigiúnach a neartú, shínigh an Chomhairle Comhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO), chun síneadh a chur le conradh an Bhiúró Réigiúnaigh Fuinnimh ar feadh bliana breise agus chun cur le tacaíocht do thionscadail mhaolaithe aeráide ar fud Réigiún Bhord Farraige Thuaidh an Atlantaigh. Chomh maith leis sin, fuair Gaillimh cead chun gach feithicil de chuid na Comhairle atá os cionn 3.5 tona a aistriú chuig breosla Plandola Hidreachóireáilta (HVO), beart a bhfuiltear ag súil leis go laghdóidh sé astaíochtaí suas le 90% i gcomparáid le díosal agus ar léiriú é ar chéim mhór i dtreo dícharbónú oibríochtaí na Comhairle.

**Gníomh 4.2: Gníomhartha a chur i bhfeidhm laistigh den cheithre phacáiste oibre de Thionscadal Píolótach NetZero Chathair na Gaillimhe**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe dul chun cinn suntasach faoin gClár Cathracha Píolótacha NetZeroCities de chuid an Aontais Eorpaigh, agus uaillmhian na cathrach á cur chun cinn chun feidhmiú mar Shaotharlann Bheo don chlaochlú digiteach agus glas. Agus maoiniú €1 mhilliún faighte, sheol Gaillimh sraith chuimsitheach tionscnamh a bhí dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, rannpháirtíocht pobail, tógáil acmhainne agus dícharbónú. Leis na gníomhartha seo, tacaítear go díreach le forbairt straitéise comhroinnte réigiúnaí a bhaineann leas as acmhainneacht na gCriosanna Dícharbónaithe agus a chuireann misean níos leithne na neodrachta aeráide chun cinn.

Príomhghné den tionscadal is ea Mol na dTithe Teolaí (Warm Home Hub), ionad ilfhreastail pobalbhunaithe atá lonnaithe sa Taobh Thiar, a chuireann treoir phraiticiúil ar fáil do theaghlaigh maidir le huasghráduithe fuinnimh
baile. Cuireann an Mol comhairliúcháin duine le duine, measúnuithe fuinnimh, clinicí oscailte, ceardlanna agus imeachtaí eolais ar fáil, rud a fhágann go bhfuil comhairle maidir le hiarfheistiú inrochtana do chónaitheoirí laistigh de Chrios Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe. Neartaíonn an tsamhail seo muinín an phobail i bpróisis uasghrádaithe fuinnimh agus cuireann sí go díreach leis an gcuspóir maidir le rátáil BER a fheabhsú laistigh den chrios.

Ag comhlánú na hoibre seo, tá Tionscadal Taighde Tiomnaithe um Scileanna agus Oiliúint Iarfheistithe, a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna san earnáil tógála agus iarfheistithe. Áirítear leis an obair seo eolaire de chúrsaí oiliúna iarfheistithe a fhoilsiú, constaicí ar rannpháirtíocht a shainaithint, agus moltaí spriocdhírithe a fhorbairt chun líon na gconraitheoirí cáilithe a mhéadú. Trí thacú le forbairt an lucht saothair, cuireann an tionscadal le héiceachóras réigiúnach iarfheistithe atá níos athléimní agus níos ullmhaithe don todhchaí. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun an tionscadal a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le líonra leathan comhoibrithe. I dteannta a chéile, is léiriú ar chéim shuntasach chun cinn i dtreo todhchaí na Gaillimhe mar chathair atá neodrach ó thaobh na haeráide de atá sna tionscnaimh a chuirtear i gcrích tríd an gClár Cathracha Píolótacha NetZeroCities, agus na próisis, na comhpháirtíochtaí agus na hinniúlachtaí atá riachtanach á gcur ar bun chun dícharbónú fadtéarmach a sheachadadh ar fud na cathrach. I dtionscadal NetZeroCities, leagtar

béim ar fhoghlaim, ar chomhroinnt agus ar fhorbairt acmhainne mar ghnéithe bunúsacha chun inbhuanaitheacht a chothú agus spriocanna neodrachta a bhaint amach. Mar chuid den tionscnamh seo, tá Cathair na Gaillimhe i mbun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhoibrithe idirnáisiúnta agus i mbun taithí a chomhroinnt le cathracha eile ar fud na hEorpa.

**Gníomh 4.3: Tacú le pobail agus iad a chumasú tríd an gciste gníomhaíochta aeráide agus trí mháistirphleananna fuinnimh a fhorbairt**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe go suntasach lena cuid oibre chun pobail a chumasú chun gníomhú ar son na haeráide trí mhaoiniú tiomnaithe, forbairt acmhainne agus tacaíochtaí teicniúla. Céim shuntasach chun cinn ab ea leithdháileadh €560,242 tríd an gCiste Gníomhaíochta Aeráide Pobail, lenar cuireadh ar chumas 19 tionscadal aeráide faoi stiúir an phobail a chur i bhfeidhm ar fud Chathair na Gaillimhe. Faoi Shraith 1, thacaigh €445,890 le 15 ghrúpa pobail áitiúla, agus maoiníodh ceithre thionscadal trasteorann de chuid Oileán Comhroinnte in éineacht le comhpháirtithe pobail i nGaillimh agus i gContae Fhear Manach le €114,352 breise faoi Shraith 1a. Neartaigh na hinfheistíochtaí seo acmhainn na háite chun pobail ísealcharbóin, atá athléimneach don aeráid, a fhorbairt agus tagann siad le spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar rannpháirtíocht pobail agus ar fheasacht aeráide trí Fhéile Inspioráidí Aeráide Chathair na Gaillimhe a tugadh isteach i Meán Fómhair 2024. Ag díriú ar an téama "Pobail i mbun Gnímh", chuimsigh an fhéile gníomhaíochtaí cruthaitheacha rannpháirtíochta poiblí—lena n-áirítear Sráideanna Spraíúla, plé painéil ar spriocanna carbóin agus oiriúnú aeráide, léirithe ealaíonta, agus imeacht bia inbhuanaithe. Trí na tionscnaimh seo, cothaíodh tuiscint níos doimhne sa phobal ar dhúshláin na haeráide agus treisíodh rannpháirtíocht ar fud an phobail i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.

Le linn an dá bhliain, thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Pobail Fuinnimh Inmharthana (SFIanna) trí chabhrú le grúpaí máistirphleananna fuinnimh a ullmhú, treoir theicniúil a chur ar fáil agus tacaíochtaí idirlinne a sholáthar chun dul chun cinn a dhéanamh

ar phleanáil iarfheistithe, astaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Bhí sé seo ag ailíniú go díreach leis an Toradh Gnímh maidir le rannpháirtíocht i bPobail Fuinnimh Inmharthana (SFIanna) a leathnú agus dícharbónú faoi stiúir an phobail a chumasú.

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe oiliúint foirne agus cláir feasachta inmheánacha ar fáil a díríodh ar laghdú fuinnimh, oiriúnú aeráide agus cleachtas inbhuanaithe—chun tacú le cumas eagraíochtúil maidir le seachadadh aeráide agus an dea-chleachtas a shamhaltú.

I mí na Samhna 2024, seoladh Scéim nua €50 milliún Uasghráduithe Fuinnimh Gnó (BEUS) ar bhonn náisiúnta, agus suas le €120,000 á thairiscint in aghaidh an tionscadail le haghaidh uasghráduithe foirgneamh d'FBManna. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe feasacht ar an scéim chun cinn go háitiúil, chun cabhrú lena chinntiú go bhféadfadh gnólachtaí teacht a bheith acu ar thacaíochtaí le haghaidh caidéil teasa, córais theirmeacha ghréine, uasghráduithe rialaithe, insliú agus pleanáil deartha iarfheistithe.

---

**Cuspóir:** Infheistíocht sa gheilleagar ciorclach agus glas a mhéadú agus tacú le gnóthaí agus fiontair nua agus atá ann cheana féin san aistriú i dtreo geilleagar glan-nialasach, agus leas a bhaint as deiseanna nua maidir le gnólachtaí glasa atá ag teacht chun cinn

**Gníomh 4.4: Páirt ghníomhach a ghlacadh i nDúshlán Chathracha Chliste an Aontais Eorpaigh (ICC) agus Comhaontuithe Glasa Áitiúla a chur i bhfeidhm in éineacht le gnólachtaí chun an t-aistriú glas agus digiteach a threorú.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Níor tugadh ar aghaidh

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Mar gheall ar easpa acmhainní foirne laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, níor cuireadh an tionscadal chun cinn in 2024. Beidh gá an gníomh seo a athbhreithniú i gcomhthéacs an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP). Cé nár cuireadh an rannpháirtíocht i nDúshlán Chathracha Cliste an Aontais Eorpaigh chun cinn in 2024, trí athbhreithniú a dhéanamh air i gcomhthéacs an PÁEP agus trí aghaidh a thabhairt ar na srianta acmhainní, cuirfear ar chumas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an tionscadal nuálach seo a thabhairt ar aghaidh. Trí na hacmhainní riachtanacha a chinntiú agus na comhpháirtíochtaí cuí a fhorbairt, is féidir le Gaillimh leas a bhaint as an deis seo chun a hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a fheabhsú trí ghlacadh le réitigh dhigiteacha ar mhaithe le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht.

**Gníomh 4.5: Cláir luathaithe a chur i bhfeidhm chun borradh a chur faoi nuálaíocht i dtaca le hinbhuanaitheacht**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

## Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, chuir Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe (LEO) clár láidir tacaíochtaí agus tionscnamh luathaithe chun cinn a bhí dírithe ar nuálaíocht inbhuanaitheachta a threisiú agus ar chabhrú le fiontair áitiúla aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin, atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de. Príomhghné den obair seo ab ea leanúint den chlár Green for Business, ina gcuirtear tacaíocht chomhairleach shaincheaptha agus maoiniú ar fáil do FBManna atá ag iarraidh cleachtais níos inbhuanaithe a ghlacadh, a chur chun cinn agus a sheachadadh. Trí threoir shaineolaíoch, measúnuithe ar an láthair agus feabhsuithe ar tacaíodh leo trí dheontais, tugadh tacaíocht do ghnólachtaí chun dramhaíl a laghdú, astaíochtaí a ísliú, feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus iomaíochas fadtéarmach a fhorbairt. Mar chomhlánú air sin, bhí teacht ag fiontair freisin ar an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh, lena gcuirtear maoiniú díreach ar fáil do bhearta lena laghdaítear tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí carbóin.

Chun nuálaíocht i bhfiontair atá dírithe ar inbhuanaitheacht a chur chun cinn, thacaigh LEO na Gaillimhe le rochtain ar mhaoiniú Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N), rud a chuir ar chumas gnólachtaí teicneolaíochtaí nua, réitigh ísealcharbóin agus forbairt táirgí glasa a iniúchadh. Chabhraigh an clár Barainneach don Ghnó le cuideachtaí a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus níos iomaíche trí mhodheolaíochtaí maidir le feabhsú leanúnach a neadú lena laghdaítear dramhaíl agus costais fuinnimh oibríochtúla. Cuidíonn na hidirghabhálacha comhcheangailte seo lena chinntiú nach é amháin go gcomhlíonann FBManna áitiúla caighdeáin chomhshaoil, ach go mbíonn siad ina gceannródaithe freisin i gclaochlú inbhuanaithe gnó.

Bhí tacaíocht don slabhra tallainne ar mhaithe le geilleagar inbhuanaithe ina tosaíocht i gcónaí. Threoraigh LEO na Gaillimhe gnólachtaí i dtreo cláranna Skillnet ábhartha, a chuireann oiliúint ar fáil d’fhostaithe i ndáil le cleachtais an gheilleagair chiorclaigh, bainistíocht fuinnimh, ceannaireacht inbhuanaitheachta agus nuálaíocht ghlas. Trí threoracha, seisiúin chomhairleacha agus oiliúint faoi leith don earnáil, chabhraigh an LEO le húinéirí gnó agus le fostaithe na hinniúlachtaí a theastaíonn a fhorbairt chun páirt iomlán a ghlacadh san aistriú chuig geilleagar réigiúnach ísealcharbóin. Bhí ról lárnach ag meantóireacht spriocdhírithe freisin, agus fuair fiontair a bhí ag feidhmiú san earnáil ghlas, san earnáil um theicneolaíocht

ghlan agus san earnáil inbhuanaitheachta tacaíochtaí spriocdhírithe duine le duine chun cabhrú le scálú, forbairt margaidh, ceanglais rialála agus pleanáil straitéiseach. Chabhraigh na tacaíochtaí meantóireachta seo le fiontair ghlasa atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe cheana féin méadú agus leathnú, agus spreag siad samhlacha gnó nua atá ailínithe leis an aeráid forbairt a dhéanamh freisin.

**Gníomh 4.6: Plean agus feachtas feasachta um athrú aeráide a fhorbairt do ghnólachtaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta chun eolas a chur ar fáil maidir leis an gcaoi is féidir bearta gníomhaíochta aeráide a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí gnó**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024–2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe sraith chuimsitheach tionscnamh chun cinn chun feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide a mhéadú i measc gnólachtaí, gnólachtaí nuathionscanta agus an phobail i gcoitinne, d'fhonn tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin. Príomhspreagthóir den dul chun cinn seo ab ea leanúint den chlár Green for Business a sheachadadh, inar tacaíodh le FBManna astaíochtaí carbóin a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus cleachtais inbhuanaithe a chomhtháthú. Áiríodh leis seo cuairteanna comhairleacha, pleanáil laghdaithe carbóin agus rochtain ar thacaíochtaí deontais a chuidíonn le gnólachtaí dul chun cinn a dhéanamh i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus sa gheilleagar ciorclach. Cuireadh tacaíocht oiliúna leis seo trí Oiliúint um Gheilleagar Ciorclach MODOS do FBManna, a cuireadh ar fáil ar líne chun cabhrú le fiontair dramhaíl a laghdú, acmhainní a bharrfheabhsú agus deiseanna gnó nua sa gheilleagar ciorclach a shainaithint.

Chomh maith leis sin, neartaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe rannpháirtíocht gnóthaí trí imeachtaí líonraithe agus comhroinnte eolais a reáchtáladh i gcomhpháirt le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe. Sna himeachtaí seo, tugadh gnólachtaí le chéile chun foghlaim ó chás-staidéir inbhuanaitheachta, éisteacht le saineolaithe, agus iniúchadh a dhéanamh ar chéimeanna praiticiúla chun gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i ngnáthoibríochtaí laethúla. Reáchtáil an Chomhairle tionscnaimh feasachta ar fud na cathrach a díríodh ar oiriúnú aeráide agus ar mhaireachtáil inbhuanaithe, chun tacú le teaghlaigh agus le gnólachtaí tuiscint níos fearr a fháil ar dhúshláin aeráide agus gníomhú ina leith. Chuidigh na tionscnaimh seo le litearthacht aeráide a mhéadú agus le rannpháirtíocht ar fud an phobail a chothú.

**Cuspóir:** Spásanna glasa, bithéagsúlacht agus an ríocht phoiblí a sholáthar, a chothabháil agus a fheabhsú.

**Gníomh 4.7: Acmhainní a chur ar fáil agus gníomhartha a chur i bhfeidhm sa Phlean Náisiúnta Uile-Éireann um Pailneoirí 2021 – 2025, sa Phlean Oiriúnaithe Earnála um Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide 2019, agus sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2027**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Tá dul chun cinn Chathair na Gaillimhe le linn 2024 agus 2025 ina léiriú ar chlár comhordaithe um ghníomhú ar son na haeráide, um inbhuanaitheacht agus um chosaint na bithéagsúlachta. Sa bhliain 2024, ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena **Plean Gníomhaíochta Aeráide cúig bliana**, lenar bunaíodh creat chun an chathair a threorú i dtreo todhchaí ísealcharbóin agus i dtreo todhchaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. Leagtar amach sa phlean bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite a leathnú, iompar inbhuanaithe, agus oiriúnú aeráide, agus tacaítear leis sin trí thionscnaimh leanúnacha rannpháirtíochta foirne agus poiblí chun cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn.

Maidir le forbairtí i ndáil le pleanáil uirbeach, baineadh níos mó leasa as réitigh atá bunaithe ar an dúlra, chun bithéagsúlacht a fheabhsú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, agus athléimneacht aeráide a neartú. Áiríodh le dul chun cinn le linn na bliana 2024 freisin Comhaontú Seirbhíse leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide, méadú ar thacaíocht ón mBiúró Fuinnimh Réigiúnach do thionscadail mhaolaithe, agus cead chun feithiclí de chuid na Comhairle atá os cionn 3.5 tona a aistriú chuig breosla Plandola Hidreachóireáilte (HVO), d’fhonn astaíochtaí a laghdú suas le 90 faoin gcéad.

In 2025, rinneadh an obair seo atá dírithe ar an aeráid a neartú tuilleadh nuair a glacadh le **Galway City Biodiversity Action Plan 2025–2030**. Leis an bplean, tugtar tosaíocht do ghnáthóga a chosaint, do nascacht éiceolaíoch agus do bhainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar limistéir nádúrtha. Áirítear leis na príomhghníomhartha atá ar siúl faoi láthair conairí fiadhúlra agus criosanna maolánacha a chruthú, an clár Spásanna Glasa Sláintiúla a leathnú in éineacht le cuir chuige atá cairdiúil do phailneoirí, agus pleananna bainistíochta a fhorbairt do limistéir ghlasa agus d’fhoraoisí uirbeacha.

I dteannta a chéile, is léiriú atá sna tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm in 2024 agus 2025 ar chur chuige comhtháite Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaca le hinbhuanaitheacht comhshaoil. Soláthraíonn an Plean Gníomhaíochta Aeráide bunús chun astaíochtaí a laghdú agus athléimneacht a fhorbairt, agus cinntíonn an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta go ndéantar réitigh bunaithe ar an dúlra, cosaint gnáthóg agus feabhsú éiceolaíoch a neadú laistigh de straitéis fhadtéarmach na cathrach.

**Gníomh 4.8: Tionscadail athnuachana a sainaithníodh i Straitéis Spásanna Poiblí Chathair na Gaillimhe 2019 a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar fáil dóibh**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe clár comhordaithe chun cinn don spás poiblí a bhí dírithe ar shráideanna, cearnóga agus timpeallachtaí do choisithe a fheabhsú ar fud na cathrach.

In 2024, chuir an Fhoireann Uirbeachais agus Comhfhorbairt Áite nua-bhunaithe tús le Straitéis Spásanna Poiblí Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó mhaoiniú ó URDF, Glao 2 agus ón gClár Taisteal Gníomhach an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA). Ceapadh sainchomhairleoirí dearaidh i gcomhair feabhsuithe ar Shráid na Croise, an tSráid Láir, Bóithrín na Bláthaí, agus Slí na Bláthaí, an Bhláthaigh, agus bhí tairiscintí á n-ullmhú do Shráid na Lombardach, Sráid an Mhargaidh, Lána an Teampaill agus Sráid na hEaglaise.

Fuair mórscéimeanna amhail an Nasc Traschathrach ceadú reachtúil, agus mar gheall air sin, bhíothas in ann uasghráduithe a dhéanamh ar an spás poiblí ag an bhFaiche Mhór Thuaidh, Barr an Chalaidh agus ag an Ardeaglais.  Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil anseo **BusConnects Galway: Cross-City Link – BusConnects Galway: Cross-City Link**

In 2025, rinneadh freagrachtaí seachadta níos struchtúrtha: chuir an Fhoireann Uirbeachais maoirseacht straitéiseach ar fáil, agus bhainistigh foirne tionscadail aonair, amhail Foireann um Thaisteal Gníomhach an NTA, comhpháirteanna sonracha den spás poiblí laistigh de chláir níos leithne ar nós BusConnects. Leanadh d’fheabhsuithe ar an spás poiblí a chomhtháthú isteach sa tionscadal um Thaisteal Gníomhach, i dtionscadail oidhreachta, áineasa agus i dtionscadail faoi leith do spásanna poiblí, ar léiriú é sin ar chur chuige comhoibríoch ar fud na heagraíochta chun spásanna uirbeacha na Gaillimhe a fheabhsú.

**Gníomh 4.9: Spásanna glasa agus gorma agus bonneagar gorm agus glas a fhorbairt ar fud na cathrach**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar siúl

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe raon leathan de thionscnaimh bhonneagair ghlasa agus ghorma chun cinn, d'fhonn bithéagsúlacht, áineas agus athléimneacht aeráide a neartú.

In 2024, chuir an Chomhairle a Straitéis Spásanna Glasa chun cinn, feabhsaíodh páirceanna agus saoráidí spóirt, leathnaíodh limistéir "gan ghearradh" agus limistéir atá oiriúnach do phailneoirí faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, agus chuathas i gcomhpháirtíocht le Coillte maidir le bainistíocht coillearnaí agus coillearnach áineasa nua atá beartaithe, a mbeidh maoiniú á lorg ina leith in 2025. Áiríodh i measc na ngníomhartha bithéagsúlachta boscaí ialtóg a shuiteáil, tionscadail um Spásanna Glasa Sláintiúla a chur i gcrích, agus innilt caomhnaithe a thriail ag Trá Bhaile an Locháin.

Leanadh den obair oiriúnaithe aeráide tríd an tSaotharlann Bheo ag Trá Grattan, a mheall spéis taighde idirnáisiúnta, agus cuireadh tús le rannpháirtíocht mhór phoiblí maidir leis na Páirceanna Comharsanachta atá beartaithe ag Baile an Rí agus Lána an Mhuilleora, atá sceidealaithe i gcomhair tógála sa bhliain 2026, faoi réir pleanála agus maoinithe.

In 2025, d'fhorbair an Chomhairle an mhodheolaíocht agus an léarscáiliú do Phlean um Bonneagar Ghlas agus Gorm amach anseo, agus chuir suirbhéanna bithéagsúlachta nuashonraithe bonn eolais faoin ullmhúchán ina leith.

Rinne dul chun cinn seasta sa Mhol Áineasa Spóirt Uisce ag Foirgneamh na nOibreacha Uisce i dTír Oileáin le linn 2025. Fuarthas cead pleanála iomlán don tionscadal, cuireadh dearadh mionsonraithe i gcrích, agus cuireadh é ar aghaidh i gcomhair tairisceana poiblí. Tá maoiniú ceadaithe tríd an scéim Platform for Growth 2 de chuid Fáilte Éireann, a seoladh i mí Eanáir 2020 chun tacú le forbairt saoráidí spóirt uisce ar fud na tíre agus chun rannpháirtíocht ar feadh na bliana a mhéadú trí fheabhas a chur ar eispéireas an chuairteora. Agus an próiseas soláthair ar siúl faoi láthair, tá sé beartaithe go gcuirfear tús le tógáil an tionscadail sa bhliain 2026.

Chun tuilleadh eolais a léamh faoi Straitéis Spásanna Glasa Chathair na Gaillimhe, tabhair cuairt ar **Straitéis Spásanna Glasa | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

**Cuspóir:** Forbairt inbhuanaithe a chumasú lena bhfeabhsaítear an timpeallacht nádúrtha, lena laghdaítear tomhaltas acmhainní, lena spreagtar aistriú modha go taisteal inbhuanaithe agus lena riartar ar gach riachtanas tithíochta

**Gníomh 4.10: Tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite atá ag teacht chun cinn a mhéadú**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun tionscadail iarfheistithe a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh chónaithe agus phoiblí araon. Déantar rátálacha BER roimh na n-uasghráduithe agus ina ndiaidh lena chinntiú go ndeimhnítear na coigiltis. Tá réitigh fuinnimh in-athnuaite á dtabhairt isteach ar bhonn leanúnach i dtaca le foirgnimh atá i seilbh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'fhonn a chinntiú go mbainfear amach an sprioc maidir le méadú 50% ar úsáid fuinnimh in-athnuaite faoin mbliain 2030.

Tríd an gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh, tacaítear le húdaráis áitiúla i ndáil le hiarfheistiú tithe atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil agus a dteastaíonn obair inslithe agus uasghrádaithe fuinnimh uathu. Chuir sé seo le hiarfheistiú 50 teach sóisialta i gCathair na Gaillimhe le linn 2024.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe obair iarfheistithe i gcrích ar 12 oifig láithreáin, ar sheomraí feistis an Bhaile Bháin, ar Ionad Pobail Chúirt Uí Mhaoiléidigh agus ar an bPóna Madraí in 2024.

Tá Cathair na Gaillimhe ag glacadh páirte i gClár Cathracha Píolótacha NetZero Cities an Aontais Eorpaigh agus tá maoiniú faighte aici chun tionscadal NetZero Cities a chur i bhfeidhm atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh. Tá sé mar aidhm ag tionscadal NetZeroCities Chathair na Gaillimhe aghaidh a thabhairt ar na bacainní a bhaineann le hiarfheistiú tithe agus aird a tharraingt ar na buntáistí compord, airgeadais agus sláinte a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa bhaile, chomh maith leis na tairbhí comhshaoil. Tá tionscadal NetZero Cities ar siúl faoi láthair agus tá sé mar aidhm leis 250 úinéir tí san earnáil phríobháideach a threorú tríd an bpróiseas iarfheistithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi NetZero Cities an AE, tabhair cuairt ar
**NetZeroCities | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

In 2025, bhí Rige Iarfheistithe Mount Lucas, aonad soghluaiste oiliúna NZEB (Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de) atá lánfheistithe agus ina ndéantar éascaíocht ar oiliúint maidir le huasghráduithe fuinnimh agus iarfheistiú, á óstáil i Seantalamh.

Bronnadh Gradam "Foireann na Bliana" ar Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inmharthanachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag Gradaim Ceannasaíochta Athraithe Aeráide 2025. Tugtar aitheantas do chomhoibriú eisceachtúil na foirne, dá rannpháirtíocht leis an bpobal, agus do na tionscnaimh cheannródaíocha gníomhaithe ar son na haeráide a cuireadh i gcrích leis an ainmniúchán seo, lena n-áirítear Clár Cathracha Píolótach NetZeroCities, Mol leictrea-shoghluaisteachta faoi thiomáint fuinnimh in-athnuaite an Taoibh Thiar, Féile Inspioráidí Aeráide Chathair na Gaillimhe, agus Saotharlann Bheo Thrá Grattan.

**Gníomh 4.11: Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun aistriú modha go taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a spreagadh – Tacú le Stáisiún Cheannt a athfhorbairt chun líon na n-ardán traenach a mhéadú ó 2 go 5.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ Iarnród Éireann

**Stádas:** Ar siúl

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Léirítear le gníomhaíocht iompair Chathair na Gaillimhe le linn 2024 agus 2025 iarracht leanúnach agus chomhordaithe chun soghluaisteacht a athmhúnlú, sábháilteacht a fheabhsú, agus timpeallacht uirbeach níos inrochtana agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn. In 2024, lean Straitéis Iompair na Gaillimhe de phleanáil fhadtéarmach a threorú, lena leagtar amach clár 20 bliain de bhearta bonneagair, oibríochtúla agus beartais atá le cur i gcrích de réir a chéile.

Faoi mhaoiniú caipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair, chuir an Fhoireann um Thaisteal Gníomhach raon leathan scéimeanna chun cinn a bhí dírithe ar shiúl, rothaíocht, iompar poiblí, Bealaí Sábháilte chun na Scoile, feabhsuithe tréscaoilteachta, agus idirghabhálacha beaga eile. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bonneagar nua agus uasghrádaithe rothaíochta agus siúil a fhorbairt ar feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, lena n-áirítear sé thimpeallán a athdhearadh ar bhealach a sainaithníodh mar chonair rothaíochta Uirbeach Phríomhúil i líonra CycleConnects.

Cuireadh tús leis an tógáil do Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin i mí Feabhra 2025, agus cuireadh tús leis na hoibreacha do scéim Bhóthar Stiofáin i mí Mheán Fómhair 2025, agus táthar ag súil iad a chur i gcrích laistigh de 12 mhí.

I measc dul chun cinn breise a rinneadh, áiríodh oibreacha ar Chorrán Bhóthar na Mara a chríochnú i mí an Mhárta 2025, a chuimsigh feabhsuithe sábháilteachta do Scoil Fhursa, agus tús a chur le tógáil ar an trasrian coisithe ag Cora na mBradán i mí na Nollag 2025, atá sceidealaithe lena chríochnú go luath in 2026.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar mhórbhonneagar iompair phoiblí, agus athfhorbairt Stáisiún Cheannt ag dul isteach sa chéim tógála. Maoinithe tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, tá sé mar aidhm leis an tionscadal mol nua-aimseartha iompair phoiblí a chruthú, acmhainn seirbhíse a mhéadú, agus tosaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht agus d'inrochtaineacht, agus táthar ag súil go gcríochnófar é i lár na bliana 2026.

I dteannta a chéile, léirítear le forbairtí 2024 agus 2025 tiomantas na Gaillimhe dá líonra iompair a chlaochlú ina líonra atá níos sábháilte, níos nasctha agus níos inbhuanaithe. Chun breis eolais a fháil faoi gach tionscadal maidir le Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe de chuid Chathair na Gaillimhe, tabhair cuairt ar
**Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

**Gníomh 4.12: Dearadh agus forbairt Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe, Coirib go Cósta, a chur chun cinn**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar siúl

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) agus le hÚdaráis Áitiúla eile, an Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dhobharcheantar an Iarthair (CFRAM), agus tá an staidéar sin curtha i gcrích anois.

Chun aghaidh a thabhairt ar an bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte agus chun an riosca tuilte i gCathair na Gaillimhe a bhainistiú, forbraíodh Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe 'Coirib go Cósta'. Ina dhiaidh sin, cheap Comhairle Cathrach na Gaillimhe Arup chun 'Coirib go Cósta' – Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe a sheachadadh.

Tá 'Coirib go Cósta' ag Céim 1 de phróiseas ina bhfuil cúig chéim – measúnú agus forbairt na scéime. Tá an ghné mheasúnaithe agus samhaltaithe hiodrálach/hidreolaíoch a bhaineann le Céim 1 curtha i gcrích.

Tá an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil ar siúl faoi láthair. Maidir leis an bpróiseas seo, bhí rannpháirtíocht shuntasach neamhreachtúil ar bun le páirtithe leasmhara le linn na bliana 2025 chun measúnú a dhéanamh ar roghanna inmharthana éagsúla.

Déanfar an rogha is fearr a thabhairt chun críche in R1 den bhliain 2026 agus cuirfear ar aghaidh í ina dhiaidh sin lena forbairt d'fhonn í a chur isteach maidir le toiliú pleanála. Tá an tionscadal maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

I gcás ina mbeadh gnéithe suntasacha d'fheabhsú an spáis phoiblí nó tionchair ar oibreacha bonneagair eile ag teastáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh maoiniú breise ag teastáil ó fhoinsí éagsúla, ag brath ar an suíomh. (eg URDF, NTA, Rialtas Láir, GCC)

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe – Coirib go Cósta, tabhair cuairt ar **Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe - Baile**

**Gníomh 4.13: An soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a leathnú faoi Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta Chathair na Gaillimhe 2022–2026.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do sholáthar inbhuanaithe tithíochta sóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe, i gcomhréir le spriocanna maidir le Tithíocht do Chách agus i gcomhréir lenár bplean gníomhaíochta féin. Tá suirbhéanna déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na cineálacha tithe inacmhainne atá ag teastáil ó áitritheoirí na cathrach a shainaithint, agus mhéadaigh sí an tacaíocht d'Fhorais Tithíochta Inacmhainne agus don Ghníomhaireacht Forbartha Talún chun aonaid chíosa de réir costais a sheachadadh ar fud na cathrach.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt ar bhunachar talún atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gCeathrú an Ghainimh agus ar Bhóthar na Díge.

Tá suíomh Bhóthar na Díge mar chuid de bhunachar talún straitéiseach athfhorbraíochta, agus tá sé beartaithe go soláthrófar ar an suíomh sin árasáin shóisialta agus inacmhainne d'ardchaighdeán, mar aon le naíonra, spásanna oscailte comhchoiteanna, áiteanna súgartha agus tírdhreachú nua.

Tá plean uaillmhianach ag baint le Forbraíocht Cheathrú an Ghainimh chun 750 teach a sholáthar agus pobal uirbeach nua bríomhar a chruthú i lár Chathair na Gaillimhe. Tá an Creat Spásúil comhaontaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Tá tuilleadh sonraí faoin tionscadal seo ar fáil **anseo**.

Tugadh isteach an Scéim Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh chun cabhrú le réadmhaoine folamha agus tréigthe a thabhairt ar ais in úsáid mar thithe teaghlaigh agus mar aonaid chónaithe ar cíos. Tá deontas suas le huasmhéid €50,000 ar fáil le haghaidh réadmhaoine folmha a athchóiriú, agus tá deontas breise suas le €20,000 ar fáil nuair atá sé deimhnithe go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (neamhshábháilte ó thaobh struchtúir de agus contúirteach). Tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas ar an Scéim Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar scéimeanna eile faoi Cholún 4 den chlár Tithíocht do Chách chun dul i ngleic le folúntas agus tréigean sa chathair.

Tá tuilleadh eolais faoin scéim seo ar fáil **anseo**.

# Sprioc Ardleibhéil 5: Cathair ina gcuirtear Sláinte agus Folláine chun cinn



# Sprioc Ardleibhéil 5: Cathair ina gcuirtear Sláinte agus Folláine chun cinn

**Cuspóir:** Éagothroime sláinte a laghdú agus torthaí sláinte a fheabhsú trí chláir a chur i bhfeidhm atá dírithe ar shláinte fhisiciúil, ar mheabhairshláinte agus folláine, agus ar chothú.

**Gníomh 5.1: Forbairt agus cur i bhfeidhm gníomhartha sláinte agus folláine a chomhordú ar fud clár agus pleananna**

**Príomh-Chomhpháirtí:** An Roinn Sláinte / Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Cathair Shláintiúil na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe de ghníomhartha sláinte agus folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhí dírithe ar phobail imeallaithe trí chlár Cathair Shláintiúil na Gaillimhe (HGC), an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt agus i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha.

Ainmníodh Cathair na Gaillimhe mar Chathair Shláintiúil Eorpach faoi Chéim VII de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) ag Cruinniú Bliantúil Gnó agus Cruinniú Comhdhála Teicniúil agus Comhdháil Theicniúil Líonra Eorpach na gCathracha Sláintiúla sa bhliain 2025 i mBursa na Tuirce.

Chomhoibrigh Cathair Shláintiúil na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe le linn 2024 agus 2025 chun cláir a chur i bhfeidhm a bhí dírithe ar an gcéatadán d’aosaigh agus de leanaí a chomhlíonann na treoirlínte maidir le gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Áiríodh leo seo cláir siúil pobail, Buggy Buddies, Men on the Move, oiliúint Ceannairí Gníomhaíochta Fisiciúla do Dhaoine Scothaosta, grúpaí rothaíochta, cláir dornálaíochta agus tuilleadh.

Thairg Cathair Shláintiúil na Gaillimhe agus Clár Aoisbhá Chathair na Gaillimhe an clár damhsa ‘Social Steps’ do dhaoine scothaosta le linn 2025 freisin. Reáchtáladh ceardlanna damhsa sóisialta seachtainiúla i dtrí cheantar de Chathair na Gaillimhe (An Baile Bán, Seantalamh / An Taobh Thiar, Baile an Phoill / Caisleán Gearr).

Chomhoibrigh HGC freisin le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus Gluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe chun cláir a chur ar fáil chun meabhairshláinte dhearfach a fheabhsú agus aonrú sóisialta a laghdú. Le linn 2024 agus 2025, áiríodh leo seo grúpaí amhránaíochta pobail, clubanna sóisialta d'fhir, teiripe eachaí, agus raon gníomhaíochtaí ealaíne, folláine agus fisiciúla.

In 2025, seoladh Deontas Pobail Chathair Shláintiúil na Gaillimhe chun tacú le grúpaí agus clubanna pobail. Chuidigh an ciste €40,000 seo le 20 pobal, grúpa pobail agus club chun seirbhísí luachmhara a chur ar fáil do dhaoine ina gceantar, agus chun sláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair i gCathair na Gaillimhe a fheabhsú ag an am céanna.

Thacaigh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GCP) le dhá thionscadal bheaga agus tionscadal mór pobail amháin a chur i bhfeidhm faoi Chlár na dTionscnamh Bia Pobail in 2024. In 2025, roghnaíodh GCP arís mar Churadh na dTionscnamh Bia Pobail don chlár 2025–2028.

**Gníomh 5.2: Tacú le forbairt an Tionscadail um Chosc Príomhúil de chuid Planet Youth 2023-2028**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Tascfhórsa Réigiún an Iarthair um Dhrugaí agus Alcól

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Clár píolótach cúig bliana is ea Planet Youth a tionscnaíodh agus a forbraíodh ag Tascfhórsa Réigiún an Iarthair um Dhrugaí agus Alcól (WRDATF), le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta sa réigiún.

Tá an tuarascáil 'Planet Youth Galway City 2025' bunaithe ar dhaltaí san 11 scoil agus ionad atá laistigh de theorainn na cathrach. Cuirtear i láthair sa tuarascáil freagraí ó 832 dalta idir 15 agus 16 bliana d'aois a chríochnaigh an tSraith Shóisearach i scoileanna i gCathair na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2024. Thug na daltaí faoi shuirbhé Planet Youth i mí na Samhna 2024 tar éis dóibh filleadh ar scoil chun tús a chur leis an tSraith Shinsearach.
Sa tuarascáil, tugtar léargas cuimsitheach ar shaol ár ndaoine óga agus ar an taithí atá acu ag fás aníos i gCathair na Gaillimhe faoi láthair. Cuirtear roinnt faisnéise treochta ar fáil thar na ceithre shuirbhé Planet Youth agus crostáblaí ina scrúdaítear cuid de na tosca riosca agus cosanta i dtimpeallacht shóisialta ár ndéagóirí.

Dáileadh 2,734 cóip de leabhráin Planet Youth Treoirlínte do Thuismitheoirí Daltaí na Chéad Bhliana trí scoileanna na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 2024, agus cuireadh tacaíocht leo sin trí chuir i láthair ag oícheanta eolais do thuismitheoirí na chéad bhliana i scoileanna i gCathair na Gaillimhe.

Cuireadh tús le leabhráin tuismitheoirí Parent Power Junior Infant a dháileadh i mí na Nollag 2024. Tá tionscnaimh líonraithe tuismitheoirí ar siúl in 36 bhunscoil sa réigiún.
Tá tuilleadh eolais faoi Planet Youth ar fáil ag
**Galway City | Data Research | Planet Youth West**

---

**Gníomh 5.3: Grúpaí nua agus grúpaí atá ann cheana do Thuismitheoirí agus Naíonáin a chur chun cinn agus tacú leo**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Lean Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe lena thacaíocht láidir do ghrúpaí Tuismitheoirí agus Naíonán ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe le linn 2024 agus 2025, ag cabhrú le soláthraithe seirbhísí a fhorbairt lena ndéantar freastal ar riachtanais áitiúla teaghlaigh agus atá ag teacht le beartas náisiúnta maidir le cúram leanaí.

Sa bhliain 2024, cheadaigh Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe 22 iarratas ar dheontas do ghrúpaí Tuismitheoirí agus Naíonán, lena n-áirítear maoiniú do thrí ghrúpa nua, ar trí Ghaeilge a fheidhmíonn péire díobh sin, agus tacaíochtaí breise do ghrúpaí atá i mbun seisiúin siúlóide le pramanna a thabhairt isteach. An bhliain sin freisin bunaíodh Grúpa Tuismitheoirí agus Naíonán an Taoibh Thiar i ndiaidh anailís ar riachtanais a chur i gcrích, d'fhonn spás fáilteach, idirghlúine a chur ar fáil do thuismitheoirí, do dhaoine nua sa cheantar, agus do theaghlaigh nach é an Béarla a gcéad teanga. Chomh maith leis sin, thacaigh Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe le forbairt leanúnach ghrúpa Bhaile an Phoill agus lean sé de theaghlaigh a threorú chuig seirbhísí áitiúla, le cúnamh ó bhunachar sonraí náisiúnta nua do ghrúpaí Tuismitheoirí agus Tachrán.

In 2025, rinne Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe forbairt ar an dul chun cinn seo trí chabhrú le grúpaí nua agus le grúpaí atá ann cheana iarratais ar dheontas DCDE a ullmhú agus trí imeachtaí atá dírithe ar thuismitheoirí a chomhordú, lena n-áirítear Parent Connect agus Make

the Link, lenar cuireadh eolas ar fáil faoi roghanna cúram leanaí, an tSamhail Rochtana agus Cuimisthe (AIM), an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí, agus cláir mhaoinithe. D'éirigh cleachtais inbhuanaitheachta ar nós ábhair ath-inúsáidte agus gníomhaíochtaí lasmuigh níos infheicthe, agus i measc na dtreochtaí, tháinig méadú ar rannpháirtíocht seantuismitheoirí agus méadú ar líon na ngrúpaí Tuismitheoirí agus Naíonán a chuir seisiúin siúlóide le pramanna leis na grúpaí reatha agus nua, mar thoradh ar an sainmhaoiniú breise in 2025. Chomh maith leis sin, thacaigh Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe le Grúpa nuabhunaithe Tuismitheoirí agus Naíonán Chathair na Gaillimhe, a fuair a chéad deontas sa bhliain 2025 chun cabhrú le costais cíosa agus trealaimh, agus a bhí mar thacaíocht sheachtainiúil luachmhar do theaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd atá sa Chlár Cosanta Idirnáisiúnta.

Le linn an dá bhliain, lean Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe de ghníomhú i leith an ghanntanais ar áiteanna cúram leanaí a bhí ag dul i méid trí theaghlaigh a threorú chuig grúpaí Tuismitheoirí agus Naíonán agus trí thacaíocht a thabhairt do phobail cinn nua a bhunú, agus ó theistiméireachtaí, tarraingíodh aird ar na timpeallachtaí cuimsitheacha, tacúla a chruthaítear sna grúpaí seo.

---

**Gníomh 5.4: Gníomhartha Sláinte agus Folláine Sheirbhís Cúraim Leanaí Luathbhlianta Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Cothú agus Feabhsú Sláinte FSS / CYPSCE na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir CYPSC na Gaillimhe agus an Grúpa Luathbhlianta, faoi stiúir Cothú agus Feabhsú Sláinte FSS, clár comhordaithe chun cinn chun tacú le sláinte agus folláine tuismitheoirí agus leanaí idir 0 - 3 bliana d'aois ar fud Chathair na Gaillimhe.

In 2024, d'óstáil CYPSC imeacht Parents Connect don tSeachtain Feasachta ar Mheabhairshláinte Naíonán, ar fhreastail 41 tuismitheoir air, agus cuireadh obair i gcrích i gcomhar le deich ngníomhaireacht chun tionscnaimh sláinte a chur chun cinn, mataí My Place to Play a dháileadh, agus tacaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil ar nós ceardlanna maidir le scoitheadh, seisiúin do spraoi gníomhach, cláir nasctha idir leanbh agus tuismitheoir agus oiliúint Active Story Time. Chomhoibrigh an fochoiste freisin le hOllscoil na Gaillimhe ar thaighde ina ndearnadh iniúchadh ar thuiscint tuismitheoirí céaduaire ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach naíonán i gcaitheamh an chéad 1,000 lá.

In 2025, tháinig an Grúpa Luathbhlianta le chéile ceithre huaire agus lean sé leis an gcur chuige ilghníomhaireachta seo, ag díriú ar scoitheadh, spraoi gníomhach, meabhairshláinte naíonán, agus feabhas ar chumarsáid agus ar chomhoibriú. Rinne an grúpa ceardlanna oscailte agus spriocdhírithe maidir le scoitheadh a chomhordú, rinneadh dáileadh mataí súgartha agus málaí súgartha do thachráin a leathnú, agus tugadh tacaíocht do chláir maidir le spraoi gníomhach agus Buggy Buddies.

Le linn na Seachtaine Feasachta ar Mheabhairshláinte Naíonán, mhéadaigh imeacht Galway Parents Connect go 65 rannpháirtí tuismitheora agus 14 sholáthraí seirbhíse. Leanadh den chomhpháirtíocht taighde i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe, agus le linn imeacht líonraithe idirghníomhaireachta don fhoireann, aithníodh tosaíochtaí lena n-áirítear eolaire lárnach luathbhlianta, córais chumarsáide comhroinnte agus fóraim rialta comhoibrithe.

Léirítear san obair a threoraigh an Grúpa Luathbhlianta in 2024 agus 2025 cur chuige comhordaithe, atá bunaithe ar chomhpháirtíocht, d’fhonn torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú do thuismitheoirí agus do leanaí idir 0 - 3 bliana d’aois i gCathair na Gaillimhe, agus cuirtear bonn láidir ar fáil le haghaidh obair bhreise faoin PÁEP sa bhliain 2026 agus ina dhiaidh sin.

---

**Gníomh 5.5: Cláir oibre éagsúla don aos óg a sholáthar do dhaoine óga idir 10 agus 24 bliana d’aois chun freastal ar a riachtanais folláine**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Obair d’Ógra Éireann na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Soláthraíonn Obair d’Ógra Éireann i nGaillimh raon leathan tacaíochtaí do dhaoine óga idir 10 agus 24 bliana d’aois, agus béim láidir á leagan ar dhaoine óga atá imeallaithe, lena n-áirítear daoine óga LADTI+, daoine óga den Lucht Siúil, imircigh óga, agus daoine a bhfuil deacrachtaí éadroma meabhairshláinte acu, amhail imní shóisialta nó dúlagar. Tá na seirbhísí faoi stiúir daoine óga agus déantar iad a fhorbairt i gcomhairle le daoine óga chun freastal ar na riachtanais a chuireann siad féin in iúl.

Le linn 2024 agus 2025, rinne an clár shOUT! tacaíocht duine le duine ar bhonn seachtainiúil, grúpaí sóisialta, gníomhaíochtaí forbartha scileanna, caifé infheictheachta do dhaoine óga idir 18–24 bliana d’aois, agus rannpháirtíocht óige le linn Seachtainí Bróid a chur ar fáil.
Chuir Tionscadal Óige CAPE tacaíochtaí duine le duine ar fáil chomh maith le cláir ghrúpa

amhail Tionscadal Óige an Taoibh Thiar, Media Makers, Crafty Corner, tacaíochtaí T-side do dhaoine óga den Lucht Siúil, agus cúnamh chun an clár píolótach Youth Lates a bhunú in 2024.

Thacaigh Tionscadal Óige an Taoibh Thiar le daoine óga a bhfuil baol ann nach mbainfeadh siad barr a gcumais amach, lena n-áirítear daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna), daoine óga néara-éagsúla, daoine óga den Lucht Siúil agus daoine óga atá ina gcónaí in ionaid IPAS. Cuirtear tacaíochtaí duine le duine ar fáil mar aon le clár leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ceardlanna códaithe, forbairt ceannaireachta, rannpháirtíocht i bhféilte ealaíon, spórt, tionscnaimh cheoil, cócaireacht, tacaíochtaí comhtháthaithe agus cláir aistrithe do dhaoine óga atá ag aistriú ó bhunscoil go meánscoil. Tá triúr foirne ag obair ar an tionscadal a fheidhmíonn in Ionad an Churraigh Bhuí.

Áirítear le tacaíochtaí breise Tionscadal Tacaíochta Comhtháthaithe an Bhaile Bháin, a chuireann comhtháthú chun cinn do dhaoine óga ó chúlraí eitneacha éagsúla—go háirithe daoine óga Úcránacha—trí nascadh le seirbhísí na cathrach agus trí thacaíocht a thabhairt d’imeachtaí pobail.

Chomh maith leis sin, cuireann Obair d’Ógra Éireann i nGaillimh Seirbhís Chomhairleoireachta Óige ar fáil saor in aisce do dhaoine óga idir 10 agus 21 bliana d’aois, agus sé huaire an chloig comhairleoireachta á thairiscint in aghaidh na seachtaine i gCathair na Gaillimhe agus atreoruithe ar fud seacht suíomh á gcomhordú, atá maoinithe go príomha ag FSS agus Tusla.

---

**Cuspóir:** Na struchtúir agus comhpháirtíochtaí ina dtacaítear le sábháilteacht agus folláine gach duine i gCathair na Gaillimhe a fhorbairt agus tacú leo

**Gníomh 5.6: Plean Straitéiseach an Chomhchoiste Póilíneachta (JPC) a chur i bhfeidhm, agus béim athnuaite á leagan ar phóilíneacht phobail agus ar fhreagraí i ndáil le sábháilteacht pobail a fheabhsú**

**Príomh-Chomhpháirtí:** An Garda Síochána / Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Cathair na Gaillimhe athchóirithe móra chun cinn i ndáil le struchtúir sábháilteachta pobail de réir mar a cuireadh an t-aistriú náisiúnta ó Chomhchoistí Póilíneachta (JPCanna) chuig Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (LCSPanna) ar aghaidh.

Reáchtáil Comhchoiste Póilíneachta Chathair na Gaillimhe (JPC) a chruinniú deiridh i mí Aibreáin 2024, roimh thosach an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, lenar leagadh síos an dúshraith chun Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (LCSPanna) a bhunú ar fud na tíre. Le linn 2024, d'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe don struchtúr nua trí thús a chur leis an bpróiseas ceapacháin do chathaoirleach neamhspleách agus trí phleanáil a dhéanamh do bheirt bhall foirne tiomnaithe chun an LCSP a chomhordú ó thús na bliana 2025.

Leis an tsamhail LCSP, tugtar cur chuige níos cuimsithí, pobal-lárnaithe isteach trí ghníomhaireachtaí reachtúla, comhairleoirí áitiúla, eagraíochtaí deonacha agus pobail, agus cónaitheoirí a thabhairt le chéile chun Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chomhdhearadh, bunaithe ar chomhairliúchán poiblí.

In 2025, rinneadh dul chun cinn suntasach nuair a bunaíodh LCSP Chathair na Gaillimhe go foirmiúil i mí Mheán Fómhair, rud a léirigh athrú mór i dtreo creat comhoibríoch, ilghníomhaireachta chun dul i ngleic le sábháilteacht agus folláine áitiúil.

Thosaigh an chomhpháirtíocht nuabhunaithe ag obair ar an chéad Phlean Sábháilteachta Pobail i nGaillimh, a bhí dírithe ar leibhéil ísle coireachta a choinneáil, caidrimh phóilíneachta phobail a neartú agus feabhas a chur ar ghníomhú i leith saincheisteanna ar nós foréigean teaghlaigh, idirdhealú, ciapadh agus díobhálacha eile ar leibhéal na háite. Tá an t-aistriú seo ina léiriú ar chéim shuntasach chun cinn i dtreo samhail do phleanáil sábháilteachta agus do chomhordú seirbhísí atá níos iomlánaíche agus níos pobalbhunaithe i gCathair na Gaillimhe.

**Gníomh 5.7: Leanúint i mbun creidiúnú um an mBratach Chorcra a dhaingniú agus gníomhartha faoin nGeilleagar Oíche a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Cathair na Gaillimhe clár cuimsitheach chun cinn ar mhaithe leis an nGeilleagar Oíche (NTE) a neartú agus a éagsúlú, agus leagadh béim ar shábháilteacht, gníomhachtú cultúrtha, inrochtaineacht agus bonneagar spásanna poiblí níos fearr.

In 2024, thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe a **Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Oíche 2024 - 2025**, chun críche, ceapadh Comhairleoir don Gheilleagar Oíche agus cuireadh tús le 30 gníomh i dtaca le bonneagar, eispéiris agus cumarsáid a chur i bhfeidhm.

Áiríodh leis na príomhfhorbairtí feabhsuithe ar an spás poiblí agus ar shoilsiú, suiteáil binsí cliste, oiliúint maidir le comhionannas, míchumas agus cosaint, agus athbhreithniú ar iompar tráthnóna. Seoladh tionscnaimh chultúir agus shóisialta nua, ar nós Youth Lates, oícheanta club LADTAIÉ+ TABÚ, Café Lates, Winter Glow agus Féile Teaghlaigh Oíche Chinn Bhliana, mar aon le feabhsú ar chur chun cinn imeachtaí oíche agus roghanna iompair phoiblí.

In 2025, fuair Cathair na Gaillimhe agus Bóthar na Trá athnuachan eatramhach i dtaca le creidiúnú um an mBratach Chorcra, lenar tugadh aitheantas don dul chun cinn a rinneadh maidir le timpeallacht oíche atá sábháilte agus bríomhar a chruthú.
Chuir an tionscnamh Safe & Sound oiliúint saor in aisce ar líne agus ceardlanna pearsanta ar fáil i gcoinne ciapadh gnéasach, idirghabháil an tslua, feasacht agus cosaint ar spíceáil, agus leathnaigh clár All Right All Night traenáil an traenálaí dea-chleachtais sábháilteachta ar fud earnálacha na hóige, cultúir, spóirt agus oideachais.
Forbraíodh na tionscnaimh seo a leanas:

- Forbraíodh Youth Lates ina chlár ar fud na cathrach a ainmníodh do ghradam.
- Leathnaigh Café Lates go breis agus 30 imeacht, agus neartaigh iniúchtaí inrochtaineachta agus maoiniú ionchuimsiú ar fud ionaid éagsúla.

Cuireadh feabhas ar chumarsáid trí threoir lárnach **“What’s On After 6pm” guide**,  agus chuir uasghráduithe ar an spás poiblí — amhail feabhsuithe móra i bPáirc an Athar de Búrca — le sábháilteacht agus le hinúsáidteacht na n-áiseanna. Cláracha féile atá cairdiúil do theaghlaigh agus rannpháirtíocht na Gaillimhe i gclár Interreg Europe.

Chuir an clár NITIES de chuid Interreg Europe, mar aon le cláir fhéile atá oiriúnach do theaghlaigh, le seasamh na Gaillimhe mar cheannródaí i mbeartais inbhuanaithe agus chuimsitheacha don gheilleagar oíche ar fud na hEorpa.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Gheilleagar Oíche Chathair na Gaillimhe, féach **Geilleagar Oiche | Comhairle na Gaillimhe**

**Gníomh 5.8: Straitéis Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun Díobháil a Bhaineann le hAlcól a Chosc agus a Laghdú**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte FSS / WRDATF

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

## Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Is grúpa ilghníomhaireachta é Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe atá faoi stiúir Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte FSS, WRDATF, GRETB agus an Dr Ann Hope, le hionadaíocht ó An Garda Síochána, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GCP), Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN), Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), Seirbhísí Andúile FSS, Sláinte Comhshaoil agus Sláinte Phoiblí, Cur Chun Cinn Sláinte OÉ Gaillimh, Aontas Mac Léinn OÉ Gaillimh agus Obair d'Ógra Éireann i nGaillimh.

Le linn 2024 agus 2025, lean Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe de chur chuige comhordaithe, ilghníomhaireachta a stiúradh chun díobháil a bhaineann le halcól a chosc agus a laghdú i gCathair na Gaillimhe. In 2024, tháinig an fóram le chéile ceithre huaire agus reáchtáladh dhá mhórimeacht rannpháirtíochta Learn Connect Collaborate ar fhreastail breis agus 100 rannpháirtí orthu i dteannta a chéile. Chuir na himeachtaí seo bonn eolais faoi **Galway City Alcohol Strategy 2024–2029** a fhorbairt, ina ndírítear ar chumarsáid agus feasacht, ar bhailiú sonraí níos fearr, agus ar chumas eagraíochtúil a fhorbairt. Seoladh an straitéis i mí na Samhna 2024, agus d'aithin soláthraithe seirbhíse agus páirtithe leasmhara pobail tosaíochtaí do phlean gníomhaíochta na bliana 2025.

In 2025, lean an Fóram, ag feidhmiú mar fho-ghrúpa den WRDATF, dá chruinnithe ráithiúla agus chuir sé i bhfeidhm an straitéis trí chlár láidir cumarsáide, oiliúna agus forbartha acmhainne.

Áiríodh i measc na bpríomhghníomhartha sraith de sheimineáir ghréasáin a raibh freastal maith orthu ar alcól agus sláinte na hinchinne, alcól agus ailse, agus cuir chuige phraiticiúla um laghdú díobhála do eagraíochtaí. Chuir comhaltaí leis an obair chun measúnú ar riachtanas a dhéanamh ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, agus forbraíodh acmhainní nua ar nós "Dochar an Alcóil a Laghdú: Treoir Phraiticiúil do Ghrúpaí agus Eagraíochtaí", forbraíodh póstaer um laghdú díobhála, agus bileog eolais faoi sheirbhísí tacaíochta alcóil.

Chomh maith leis sin, rinne an Fóram tionscnaimh oiliúna a chur chun cinn ar nós Make Every Contact Count (MECC) agus SAOR – Scagadh agus Gearr-idirghabháil maidir le Drugaí agus Úsáid Alcóil, chun cumas na n-oibrithe ar an líne thosaigh a neartú maidir le gearr-

idirghabhálacha a dhéanamh. I dteannta a chéile, léirítear le gníomhartha 2024–2025 iarracht threisithe, chomhoibríoch chun díobháil a bhaineann le halcól a laghdú agus chun tacú le pobail níos sláintiúla ar fud Chathair na Gaillimhe.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Fhóram Alcóil Chathair na Gaillimhe, féach **WRDATF Collaboration & Policy: Galway City Alcohol Strategy**

---

**Gníomh 5.9: Straitéis Frithchiníochais agus Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe / Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, chuir Cathair na Gaillimhe cur chuige comhordaithe chun cinn i ndáil le cuimsiú idirchultúrtha, obair fhrithchiníochais, agus tacaíochtaí d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do phobail imirceacha.

In 2024, chuir Tionscadal an Droichid tús an athuair lena chuid gníomhaíochtaí chun cuimsiú sóisialta a neartú do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus do phobail imirceacha. Chomhoibrigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freisin le SALAAM ar fheachtas feasachta i gcoinne frith-Mhuslamachas, agus taispeánadh sraith íomhánna i stíl chartúin i Halla na Cathrach ó mhí na Nollag 2024.

Bunaíodh an Fhoireann Comhtháthaithe Údaráis Áitiúil (LAIT) i dtús na bliana 2024 agus soláthraíodh 167 clinic ar fud breis agus fiche suíomh idir Aibreán agus Samhain, chun tacú le breis agus 580 duine trí choinní pearsanta agus ar líne. Bunaíodh Fóram Comhtháthaithe Chathair na Gaillimhe freisin, a thagann le chéile gach ocht seachtaine chun gníomhartha i leith riachtanais atá ag teacht chun cinn a chomhordú.

In 2025, tugadh Straitéis Frithchiníochais agus Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe chun críche agus ullmhaíodh í lena foilsiú, agus chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe a ballraíocht i Líonra na gCathracha Idirchultúrtha i bhfeidhm an athuair, agus cuireadh roinnt babhtaí aiseolais ar fáil chun an straitéis a neartú.

Lean LAIT agus Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe de thaispeántas SALAAM a chur ar taispeáint, d'fhonn teachtaireachtaí leanúnacha frithchiníochais a threisiú. I dteannta a chéile, léirítear le gníomhartha 2024–2025 tiomantas níos láidre, ilghníomhaireachta do chomhtháthú, do fhrithchiníochas agus do phobail chuimsitheacha a fhorbairt ar fud Chathair na Gaillimhe.

**Gníomh 5.10: Tacú le daoine óga chun a nguth a chur in iúl maidir le saincheisteanna áitiúla a théann i bhfeidhm orthu**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Obair d'Ógra Éireann i nGaillimh / GCP / GRETB

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, neartaigh Cathair na Gaillimhe rannpháirtíocht daoine óga agus cuireadh le rochtain ar ghníomhaíochtaí cuimsitheacha do leanaí agus do dhaoine óga. In 2024, lean Obair d'Ógra Éireann i nGaillimh de Chomhairle na nÓg a chomhordú, trí chruinnithe seachtainiúla a chur ar fáil i Halla na Cathrach do dhaoine óga idir 12–17 bliana d'aois agus chun a n-ionadaíocht i struchtúir réigiúnacha agus náisiúnta ar nós Dáil na nÓg a chinntiú. Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil na nÓg i mí Dheireadh Fómhair in Óstán Chuan na Gaillimhe, ar fhreastail 75 duine óg uirthi, agus díríodh an chomhdháil ar "Fhís do Ghaillimh Shábháilte" a chruthú, lena n-áirítear comhairliúchán bithéagsúlachta leis an Oifigeach Bithéagsúlachta de chuid na Comhairle Cathrach.

In 2025, leathnaíodh an soláthar óige tuilleadh tríd Thionscadal Gníomhaíochta Óige Bhaile an Phoill, a chuir gníomhaíochtaí uilíocha saor in aisce ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga idir 5–16 bliana d'aois ar fud Bhaile an Phoill agus Chaisleán Gearr. Reáchtáladh cláir ar nós cláir leadóige, ealaíon agus ceardaíochta, cócaireachta, drámaíochta, ceoil, campaí lasmuigh agus turais oideachais, agus ghlac 148 duine óg páirt sa tionscadal i rith na bliana, le meánfhreastal seachtainiúil de 78.

I dteannta a chéile, léirítear leis na tionscnaimh seo tiomantas láidir do ghuth na ndaoine óga, dá bhfolláine agus do rannpháirtíocht phobail ar fud Chathair na Gaillimhe.

In 2025, cuireadh soláthar Chomhairle na nÓg amach ar thairiscint i mí Mheán Fómhair 2025. Bronnadh an conradh ar Obair d'Ógra Éireann, a fhostaíonn comhordaitheoir a oibríonn leis na daoine óga chun a chinntiú go bhfuil taithí dhearfach acu. Éascaíonn an comhordaitheoir

cruinnithe an choiste chun obair a dhéanamh ar an ábhar a roghnaíodh ag an gCruinniú Cinn Bliana. I measc bhuaicphointí Chomhairle na nÓg bhí Seoladh na Tuarascála Sábháilteachta, a sheol Méara Chathair na Gaillimhe, agus cur i láthair ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Jim O'Callaghan TD.

Bhí an Chomhdháil Óige bhliantúil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair agus chuir an coiste fáilte roimh os cionn 60 duine óg ó na meánscoileanna éagsúla sa chathair. Ba é 'Cumarsáid le Lucht Déanta Cinntí' a bhí mar ábhar comhairliúchán na Comhdhála Óige i mbliana.

Phléigh na daoine óga ábhair éagsúla, agus na bealaí a d'fhéadfadh daoine óga na saincheisteanna sin a phlé le lucht déanta cinntí ina gceantair áitiúla. Tar éis an chomhairliúcháin, vótáil na daoine óga ar na hábhair chuí agus roghnaigh siad an fhadhb is mó, dar leo, atá ag cur as do dhaoine óga i gCathair na Gaillimhe. Comhaontaíodh go roghnófaí Meabhairshláinte agus Iompar mar ábhair do 2026.

---

**Cuspóir:** Stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun feabhais trí chláir agus trí áiseanna áitiúla spóirt agus gníomhaíochta coirp a fhorbairt

**Gníomh 5.11: Cathair a chruthú ina gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn trí thaisteal gníomhach - trí shiúl, rith agus rothaíocht a spreagadh agus a éascú mar mhodh iompair agus mar rogha eile seachas an carr**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe / An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn 2024 agus 2025, rinneadh dul chun cinn suntasach i gCathair na Gaillimhe chun taisteal gníomhach, soghluaisteacht inbhuanaithe agus bonneagar spáis phoiblí níos sábháilte a chur chun cinn.

In 2024, cuireadh mórthionscadail i gcrích, lena n-áirítear Líonra Rothaíochta Bhóthar Dhabhach Uisce Theas agus Uasghrádú Acomhal na Máirtíneach, feabhsú Dhroichead an Dóchais, agus Sráid na Scoile ag Scoil Iognáid in éineacht le Scéim um Thaisteal Gníomhach Chanáil Eglinton.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús le clár uasghrádaithe ar rialuithe rochtana, trí gheataí aonfhir i nTír Álainn agus sa Pháirc Theas a bhaint d'fhonn inrochtaineacht do gach úsáideoir a fheabhsú, agus tá tuilleadh bainte beartaithe don bhliain 2025.

Le foilsiú Thuarascáil Innéacs Siúil agus Rothaíochta na Gaillimhe 2023, cuireadh béim ar thacaíocht láidir an phobail d'infheistíocht i dtaisteal gníomhach.

Cuireadh roinnt scéimeanna ar aghaidh chuig an gcéim tógála nó dearaidh, lena n-áirítear trasrianta nua do choisithe ag an gCorrán/Bóthar na Mara, Scéim Tosaíochta Bus Bhóthar na Páirce Móire, lánaí rothaíochta ar Bhóthar Stiofáin, agus Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin, mar aon le réamh-dhearadh do chonair rothaíochta 3km ar Bhóthar an Dáileacháin an Iarthair agus sé thimpeallán uasghrádaithe.

Baineadh cloch mhíle mhór amach nuair a cheadaigh An Bord Pleanála Nasc Traschathrach BusConnects Galway i mí Mheán Fómhair 2024, agus Conair Bus Bhóthar Bhaile Átha Cliath á cur ar aghaidh chuig céim an iarratais i dtús na bliana 2025.

In 2025, lean Cathair na Gaillimhe de thús áite a thabhairt do thaisteal gníomhach mar phríomhghné de shláinte phoiblí, folláine agus soghluaisteacht inbhuanaithe, agus siúl, rothaíocht agus gluaiseacht rothaí á gcomhtháthú le hiompar poiblí agus tacaíocht á tabhairt d'athrú iompraíochta fadtéarmach ar fud na cathrach.
Chun breis eolais a fháil faoi gach tionscadal maidir le Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe, tabhair cuairt ar
**Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

---

**Gníomh 5.12: Straitéis Spásanna Glasa Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus forbairt áiseanna pobail agus áineasa breise a chur chun cinn**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhartha 2024-2025

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun Straitéis Spásanna Glasa a fhorbairt faoi láthair. Rinneadh comhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ábhartha le linn 2024, lena

n-áirítear suirbhéanna, ceardlanna agus cruinnithe poiblí. Úsáidfidh an Chomhairle an Straitéis chun cinntí a dhéanamh agus a mhúnlú, amhail áiteanna súgartha agus áiseanna lasmuigh nua a chur ar fáil, agus ag an am céanna, oidhreacht nádúrtha agus thógtha Chathair na Gaillimhe a fheabhsú.

D'éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe dhá Ghradam nua um Bratach Glas a fháil don Fhaiche Mhór agus do Thír Oileáin in 2024, rud a thugann líon na mBratach Glas atá bronnta i gCathair na Gaillimhe go cúig cinn.

Bronnadh maoiniú €4.3 milliún ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun ionad pobail nua a thógáil sa Chaisleán Nua faoi Chiste Infheistíochta na nIonad Pobail. Tá foireann tionscadail bunaithe chun an tionscadal a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le Comhchumann Pobail an Chaisleáin Nua.

Críochnaíodh giomnáisiam callaistéinice Pháirc an Chaisleáin sa bhliain 2024. Is é an giomnáisiam lasmuigh seo an chéad cheann dá leithéid a thóg Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is cineál aclaíochta é aclaíocht challaistéinice a chuimsíonn rith, seasamh, brú agus tarraingt trí úsáid a bhaint as meáchan na colainne féin. Críochnaíodh athchóiriú MUGA Pháirc na Coiribe agus an MUGA Glen Oaks/Dhroim Chaoin in 2024. Trí na háiseanna seo, cuirtear réimse de spóirt éagsúla ar fáil sna pobail ina bhfuil siad lonnaithe, lena méadaítear na deiseanna atá ag daoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil agus lena gcuirtear stíleanna maireachtála sláintiúla chun cinn sa chathair.

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe athchóiriú ar Áit Súgartha na Páirce Theas, tríd an áis a uasghrádú le trealamh súgartha inrochtana agus oiriúnach do na céadfaí, chomh maith le soithí plandaí agus binsí deasa a chur ar fáil. Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe uasghrádú ar shoilsiú limistéar áineasa Pháirc Uí Shúilleabháin. Uasghrádaíodh Raon Reatha an Taoibh Thiar freisin trí shuiteáil tuilsoilsithe uathoibrithe atá tíosach ar fhuinneamh.

D'éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú a fháil faoin gCiste Aitheantais Pobail chun obair athchóirithe a dhéanamh ar sheomraí feistis Bharr na Coille, agus críochnaíodh an obair sin sa bhliain 2024. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú ar fáil chun dhá fhoscadán gléasta a chur ar fáil ag Trá Bhaile an Locháin. Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2024. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle feabhsuithe i gcrích ar áiseanna ar feadh Phromanáid Bhóthar na Trá agus tá sí ag obair leis an Oifigeach Sábháilteachta Uisce maidir le seirbhís garda tarrthála a sholáthar.

D'éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe an dá Bhrat Ghorm agus na gradaim Cósta Glas a choinneáil do thránna ag Trá na gCeann agus ag Bóthar na Trá.

Tá iarratas pleanála faoi Chuid 10 curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir le Páirc Bharr an Chalaidh a athchóiriú. Ceann de chuspóirí na forbartha ab ea rochtain shábháilte agus shlán a chur ar fáil do choisithe sa pháirc trí phointí rochtana níos fearr a fhorbairt agus trí na huasghráduithe riachtanacha a dhéanamh ar na bóithre agus na cosáin máguaird.

**Gníomh 5.13: Lárionad / Mol Óige tiomnaithe a chur ar fáil chun deiseanna Oibre Óige uilíocha agus spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine óga**

**Príomh-Chomhpháirtí:** GRETB / Obair d'Ógra Éireann i nGaillimh / CYPSCE

**Stádas:** Ar siúl

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Le linn na mblianta 2024 agus 2025, lean Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) de rialachas, maoirseacht agus tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do 22 sheirbhís oibre óige arna maoiniú faoin gclár UBU, chomh maith le breis agus 120 club óige deonach faoin Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla, i gcomhréir lena fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

I rith na bliana 2024, chuir grúpa oibre idirghníomhaireachta, faoi chathaoirleacht Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) agus ar a raibh ionadaithe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Tusla, pleananna chun cinn maidir le lárionad óige tiomnaithe a fhorbairt i nGaillimh. Bhí staidéar indéantachta agus tuarascáil ar na roghanna atá ar fáil beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an obair seo in 2025, agus an staidéar críochnaithe agus an chéad chéim eile den tionscadal forbartha á cur chun cinn. Leathnaíodh an chomhpháirtíocht chun CYPSC a chur san áireamh, agus fuarthas maoiniú trí Erasmus+ le haghaidh cuairt staidéir ar Heilsincí i mí Eanáir 2026. Chuir sé seo ar chumas 13 ionadaí ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB), Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Tusla, Foróige, Obair d'Ógra Éireann i nGaillimh, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le spásanna d'ógánaigh a iniúchadh.

Tríd is tríd, léiríonn na gníomhartha a rinneadh le linn 2024–2025 tiomantas leanúnach do bhonneagar óige, do chomhordú agus do chaighdeán na seirbhísí do dhaoine óga ar fud Chathair na Gaillimhe a neartú.

---

**Gníomh 5.14: Plean Áitiúil Spóirt Chathair na Gaillimhe 2024 – 2029 a fhorbairt agus Clár Cathracha Gníomhacha na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Ar siúl

**Tuarascáil ar Dhul chun Cinn**

Le linn na mblianta 2024 agus 2025, neartaigh Cathair na Gaillimhe a tiomantas chun rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú trí obair Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP), Clár Cathracha Gníomhacha na Gaillimhe agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile.

I rith na bliana 2024, d'eisigh Spórt Éireann treoirlínte náisiúnta maidir le Pleananna Áitiúla Spóirt. I rith na bliana, chuir Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) réimse leathan imeachtaí aonuaire, cláir fhadtéarmacha agus tacaíochtaí deontais ar fáil do chlubanna, agus lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe de mhaoiniú a chur ar fáil do Chomhordaitheoir Mol Spóirt an Bhaile Bháin agus Dhabhach Uisce.

Tháinig méadú suntasach ar thionscadal Cathracha Gníomhacha na Gaillimhe, agus cuireadh gníomhaíochtaí ar fáil ar fud limistéir atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear imeachtaí Sheachtain Eorpach an Spóirt, cláir ióga do dhaoine óga, peil siúil do dhaoine scothaosta, siúl le cuaillí Activator, Men on the Move, chomh maith le tionscnaimh chuimsitheacha ar nós Lá "Bain Triail As" do Dhaoine Scothaosta agus imeacht Glow of the Youth le linn Oíche Chultúir na nÓg.
Thacaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) freisin le grúpaí siúil, ceardlanna sláinte maidir leis an sos míostraithe, gníomhaíochtaí HER Outdoors, agus cuireadh tús le rolladh amach ocht meaisín díola trealaimh spóirt lasmuigh chun rochtain ar acmhainní áineasa saor in aisce a mhéadú.

In 2025, lean Clár Cathracha Gníomhacha na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) de chlár ilghnéitheach imeachtaí rannpháirtíochta mórscála a sholáthar, lena

n-áirítear Lá Náisiúnta na hImeartha, Glow Games, Lá Spraoi Teaghlaigh Fhéile Pádraig, Oíche 'Bí Gníomhach' agus Seachtain na Rothar, chomh maith le cláir spriocdhírithe ar nós Nature for Health, Mná sa Spórt, Her Moves, Her Outdoors, tionscnaimh Chuimsitheachta Spóirt, Boccia, cuaillí Activator agus Peil Siúil. Neartaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) rialachas clubanna agus oiliúint d'oibrithe deonacha freisin trí cheardlanna maidir le cosaint agus Uathachas i Spórt.

Cé gur cuireadh moill ar an bPlean Áitiúil Spóirt go dtí 2026, chuir na gníomhartha comhcheangailte le linn 2024–2025 go mór le spriocanna an PÁEP trí shláinte, folláine agus rochtain chothrom ar spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn ar fud Chathair na Gaillimhe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil ar **https://www.galwayactive.ie**

---

**Gníomh 5.15: Tacú le tionscnaimh agus straitéisí de Chiste Náisiúnta Éire na Sláinte chun cláir um ghníomhaíocht coirp a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Spórt Éireann**

**Príomh-Chomhpháirtí:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Stádas:** Críochnaithe / ar Siúl go Leanúnach

### Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

Chomhoibrigh Comhpháirtíocht Shláintiúil Chathair na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt Chathair na Gaillimhe (GSP) chun cláir a chur ar fáil chun céatadán na ndaoine fásta agus na leanaí a chomhlíonann treoirlínte náisiúnta maidir le gníomhaíocht cholainne a mhéadú in 2024 agus 2025. Díríonn gníomhaíochtaí maoinithe ag HGC ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine fásta níos sine agus ar dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Chuaigh HGC agus GSP i gcomhpháirtíocht in 2025 le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthair (WRDATF) chun tionscnaimh a mhaoiniú atá dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta coirp a mhéadú i measc iad siúd atá ag téarnamh ó andúil in alcól agus i ndrugaí. Ina measc seo bhí grúpaí Oiliúna Ceannairí Rothaíochta agus grúpaí Rothaíochta faoin gclár 'Ar an mBóthar Ceart', chomh maith le Cláir Dornálaíochta agus grúpaí Reatha agus Siúil.

Mhaoinigh HGC seachadadh an chláir 'Dúlra don tSláinte'; clár siúil 10 seachtaine bhí lonnaithe i gcoillearnacha áitiúla chun tacú le rannpháirtithe taitneamh a bhaint as aclaíocht réidh, as an

aireachas, as an mbithéagsúlacht, stair áitiúil agus ealaín theiripeach. Bhí an clár seo ar siúl i rith 2024 agus 2025 i gCoillte Mhuirlinne, agus díríonn sé ar dhaoine atá ina gcónaí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Bhí an Dúlra don tSláinte ar siúl san earrach, sa samhradh agus san fhómhar, agus bhí seisiúin tráthnóna ann chun freastal ar raon níos leithne rannpháirtithe ná mar a bhí páirteach sna blianta roimhe seo.

Dhírigh an HGC agus an GSP ar fhir nach dtéann i mbun aclaíocht rialta tríd an gclár 'Fir ag Gluaiseacht' (MOTM). Is clár gníomhaíochta coirp é MOTM atá dírithe ar fhir fhásta chun cur leis an méid gníomhaíochta colainne a dhéanann siad, spraoi a bheith acu agus leibhéil aclaíochta a fheabhsú. Bíonn na cláir seo á seachadadh ar an Taobh Thoir, i mBaile Bán agus i mBaile an Phoill. Cuireadh clár aclaíochta dornálaíochta ar fáil freisin a bhí dírithe ar fhir den lucht siúil i mBaile an Phoill.

Chuir HGC agus Clár Aoisbhá Chathair na Gaillimhe an clár damhsa 'Céimeanna Sóisialta' ar fáil do dhaoine fásta níos sine i rith 2025. Cuireadh ceardlanna seachtainiúla damhsa sóisialta ar siúl i dtrí cheantar i gCathair na Gaillimhe (An Baile Bán, Seantalamh/An Taobh Thiar, Baile an Phoill/An Caisleán Gearr). D'fhreastail 20 duine ar an meán ar na ranganna seachtainiúla. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh i rith 2026.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee


Halla na Catrhrach
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh. H91 X4K8
SeirbhisCoChustaimeiri@GalwayCity.ie

City Hall,
College Road,
Galway. H91 X4K8
CustomerService@GalwayCity.ie

(091) 536 400
www.GalwayCity.ie
GalwayCityCouncil